



Garda
Ombudsman

COIMISIÚN OMBUDSMAN
AN GHARDA SÍOCHÁNA

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023



Garda
Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

CLÁR ÁBHAR

1. Brollach	5
2. Réamhrá	9
Ról agus Feidhmeanna GSOC	9
Ár dTorthaí agus Cuspóirí Straitéiseacha	9
Ár bhFís, Misean agus Luachanna	11
3. Ár nAistriú Chuig Oifig An Ombudsman Póilíneachta: Pleanáil, Ullmhú agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara	13
Reachtaíocht Nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail	13
Ag Ullmhú do Shainchúram Nua Fiosrú a Chur i bhFeidhm	13
Caidreamh le Páirtithe Leasmhara	14
4. Tuarascáil faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine	17
5. Scracfhéachaint ar 2023	19
6. Rialachas, Airgeadas agus Rialú Inmheánach	21
Rialachas agus Struchtúr	21
An Coimisiún Ombudsman	21
An Fhoireann Shinsearach Bainistíochta	22
Feidhmíocht a Sheachadadh agus Formhaoirseacht	22
Airgeadas	23
Caitechas	23
Príomhphearsanra Bainistíochta	24
Táillí nach mbaineann le Tuarastal	24
Sochar Fostaithe	24
Comhairleacht, Costais Dlí agus Socraíochtaí	24
Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh	25
Bainistíocht Cáilíochta	25
Iniúchadh agus Riosca	25
Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh in GSOC 2023	27
7. Foirniú	31
Foirniú agus Struchtúr Eagrúcháin	31
Foghlaim agus Forbairt	32
8. Gearáin	35
An Chaoi a bhFaigheann agus a nImscrúdaíonn GSOC Gearáin	35
Inghlacthacht	35
Cineálacha Gearán	35
Príomhfhíricí agus Figiúirí Maidir le Gearáin in 2023	36
An Líon Fiosrúchán	36
An Líon Gearán	36
Scaipeadh Geografach na nGearán agus na Líomhaintí	37
Na rudaí a ndéanann daoine gearán fúthu	39

Cinntí faoi Inghlacthacht	40
Cinntí faoi Neamh-inghlacthacht	41
9. Imscrúduithe de Bhun Gearán: Torthaí in 2023	43
Forléargas ar Thorthaí Imscrúduithe 2023	43
Athbhreithnithe ar Imscrúduithe Araíonachta	45
Smachtbhannaí a Forchuireadh	45
Fad Ama a Glacadh Chun Imscrúduithe a Dhúnadh	46
Imscrúduithe de Bhun Gearán: Cás-Staidéir 2023	48
10. Imscrúduithe ar Tharchur Faoi Alt 102 (Bás Nó Díobháil Thromchúiseach)	57
Cén Uair a Dhéanann An Garda Síochána Tarchur Chuig GSOC?	57
An Chaoi a nImscrúdaíonn GSOC Ceisteanna Faoi Alt 102	57
Tarchuir a Fuarthas in 2023	58
Imscrúduithe i nDiaidh Tarchur a Tugadh Chun Críche in 2023	59
11. Imscrúduithe Chun Leas an Phobail	61
Imscrúduithe Chun Leas an Phobail a Dúnadh agus ar Cuireadh Tús Leo in 2023	61
12. Idirghabháil Áitiúil	63
Idirghabháil Áitiúil: Cás-Staidéir 2023	65
13. Aonad DLí GSOC: Ag Plé Leis na Cúirteanna	67
Gníomhaíocht DLí I nDiaidh Imscrúdaithe Choiriúil	67
Teoracha ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun Ionchúiseamh a dhéanamh in 2023	67
Cásanna Coiriúla a Cinneadh sa Chúirt in 2023	68
Cásanna ar Feitheadh os comhair na gCúirteanna ag Deireadh 2023	68
Nochtadh Neamh-Pháirtí	69
Plé GSOC Leis na Cúirteanna: Cás-Staidéir 2023	69
14. Eolas a Thabhairt do Bheartas agus Cleachtas An Gharda Síochána	71
Moltaí Córasacha	71
An Triú Straitéis Náisiúnta Maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe	72
15. Nochtaí Cosanta	73
Riar Cásanna maidir le Nochtaí Cosanta in 2023	73
Dea-chleachtas a Roinnt go hIdirnáisiúnta	73
16. Iarrataí ar Fhaisnéis	74
17. GSOC agus Cosaint Leanaí	75
Aguisín 1: Imscrúduithe GSOC ar Láimh ag Deireadh na Bliana 2023	76
Aguisín 2: Próifíl na nGearánach in 2023	77
Aguisín 3: Inscne agus Céim na nGardaí ab Ábhar Gearán in 2023	82
Gluais Téarmaí agus Giorrúcháin	83

1. BROLLACH

Cuirfidh Fiosrú le hobair GSOC agus, má tá na hacmhainní cearta aige, déanfaidh sé formhaoirseacht na póilíneachta in Éirinn níos éifeachtúlaí, níos trédhearcaí agus níos éifeachtaí



Is í Tuarascáil Bhliantúil Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána 2023 an ceann deireanach domsa agus mé i mo Chathaoirleach, agus ós rud é go bhfuil an tAcht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail le teacht i bhfeidhm an i samhradh 2024, is í an tuarascáil dheireanach í sula ndéantar GSOC a aistriú go hoifigiúil go dtí **Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta**.

Gníomhaireacht formhaoirseachta póilíneachta a chomhdhéanfar as an nua a bheidh in **Fiosrú**, a mbeidh sainchúram reachtúil athchóirithe agus leathnaithe uirthi. Oibreoidh **Fiosrú** faoi Ombudsman agus Leas-Ombudsman, beidh a vóta féin aige, agus POF mar oifigeach cuntasachta. Cuirfidh **Fiosrú** le hobair GSOC agus, má tá na hacmhainní cearta aige, déanfaidh sé formhaoirseacht na póilíneachta in Éirinn níos éifeachtúlaí, níos trédhearcaí agus níos éifeachtaí.

Bhí an t-ullmhúchán don aistriú mór sin mar thosaíocht straitéiseach domsa ó thosaigh mé i mo Chathaoirleach i mí Eanáir 2022. Phléigh bainistíocht agus foireann an Choimisiúin leis an Roinn Dlí agus Cirt, An Garda Síochána agus le páirtithe leasmhara eile, agus tá siad fós ag plé leo, lena chinntiú go mbeidh na struchtúir riachtanacha institiúide agus rialachais ullamh nuair a thiocfaidh an reachtaíocht nua i bhfeidhm. Áiríodh leis an obair sin:

- Céannacht chorparáideach nua le haghaidh **Fiosrú** a fhorbairt agus é a rolladh amach don phobal nuair a théann an ghníomhaireacht nua i bun oibre;
- Ár bhfeidhmeanna airgeadais agus rialachas a ullmhú agus a oiriúnú lena chinntiú go mbeidh **Fiosrú** in ann a vóta Oireachtais féin a fheidhmiú;
- Feidhmeanna reachtúla nua **Fhiosrú** a mhapáil;
- Próisis eagraíochtúla, struchtúir agus nósanna imeachta oibriúcháin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun sainchúram na gníomhaireachta nua a bhaint amach;
- Na córais, nósanna imeachta agus prótacail athchóirithe a fhorbairt a bhfuil gá leo chun comhoibriú éifeachtach idir-ghníomhaireachta chun feidhmeanna reachtúla na reachtaíochta nua a bhaint amach; agus Córas Bainistithe Cásanna nua a choimisiúnnú, chun stóráil, aisghabháil agus anailísiú sonraí a chur ag croílár obair **Fhiosrú**, chun tuiscint níos fearr ar threochtaí agus patrúin a éascú agus chun saincheistanna córasacha a shainaithint ar bhealach níos spriocdhírthe, níos téamúla agus níos straitéisí.

Mar chuid den obair thuas luaite, thug GSOC Athbhreithniú Eagraíochtúil seachtrach chun críche in 2023, d'fhone cuidiú leis na hacmhainní suntasacha breise agus an saineolas a bheith Chuir de dhíth ó **Fhiosrú** a shainaithint chun ceanglais an tsainordaithe nua a chomhlíonadh. Chuir an t-athbhreithniú sin ar ár gcumas cás gnó réasúnaithe a dhéanamh chuig an Roinn Dlí agus Cirt maidir le hacmhainní a sholáthar le haghaidh **Fiosrú** láithreach agus ar bhonn meántéarmach go fadtéarmach. Thug an Roinn freagra air sin agus tá siad sásta tacú leis. Creidim go leanfar leis an tacú sin agus go leathnófar é, agus go mbeidh sé mar bhonn faoi thiomantas an Rialtais d'fhorhaoirseacht neamhspleách agus dhian ar phóilíneacht in Éirinn.

In éineacht leis an obair ullmhúcháin a rinneadh mar chuid dár n-aistriú eagraíochtúil, lean GSOC ar aghaidh lena fheidhmeanna ó lá go lá le linn 2023. Tá saibhreas fíricí agus figiúirí leagtha amach sa tuarascáil seo.

Thosaíomar an bhliain le riar cásanna de 621 imscrúdú faoi stiúir nó faoi mhaoirseacht GSOC, 290 cás araíonachta gan mhaoirseacht agus na céadta cás eile a bhí ag céimeanna éagsúla imscrúdaithe.

Fuaireamar 1,577 ngearán nua agus 35 tharchur ón nGarda Síochána in 2023. Cé gur ionann sin agus laghdú 14% ar an líon gearán agus tarchur a fuarthas sa bhliain roimhe, ní raibh laghdú ar an riar oibre mar gheall ar na líomhaintí a bheith níos casta.

Dhúnamar 1,755 ghearán in 2023. Cé gur laghdú ar an líon gearán a bhí ann, bhí an líon líomhaintí in aghaidh an ghearán an-ard, rud a d'fhág ár ráta éifeachtach dúnta mar an gcéanna nach beag leis an mbliain roimhe. Ag deireadh na bliana bhí 446 imscrúdú faoi stiúir nó faoi mhaoirseacht GSOC fós ar bun, arbh ionann iad agus laghdú 28% ar an riar cásanna faoi stiúir GSOC ag deireadh na bliana. Fáiltímid roimh an laghdú in aghaidh na bliana ar an riar cásanna ag deireadh na bliana le trí bliana anuas, rud a léiríonn na próisis fheabhsaithe agus shruthlínithe atá curtha i bhfeidhm againn, agus an méadú beag ar an bhfoireann imscrúdaitheach agus cásoibre le bliain anuas.

Bhí roinnt torthaí tábhachtacha sna cúirteanna freisin in 2023 i ndiaidh imscrúduithe GSOC ar ghearáin maidir le hionsaí agus cionta gnéasacha. Cuimsíodh leis na cásanna a bhí ar feitheamh os comhair na gcúirteanna ag deireadh na bliana cúisimh as ionsaí, ciapadh, cur i mbaol, tiomáint chontúirteach agus ionsaí gnéasach.

Is casta agus is deacair é cásanna a thabhairt os comhair na cúirte agus teastaíonn scil agus tiomantas bhaill foirne na heagraíochta ar fad,

bíodh siad ag obair le himscrúdú, cásobair, idirchaidreamh le teaghlaigh, dlí, nó rialachas corparáideach. Agus an eagraíocht ag aistriú ó GSOC go **Fiosrú**, beidh níos mó daoine oilte agus tiomanta de dhíth chun sainordú reachtúil níos casta agus leathnaithe a chur i gcrích. Ní féidir beag a dhéanamh den dúshlán a bheidh ann chun baill foirne den sórt sin a earcú, go háirithe i margadh fostaíochta atá chomh iomaíoch agus atá sé.

Sa bhreis ar fhaisnéis staidrimh, tá rogha cás-staidéar sa tuarascáil seo bunaithe ar imscrúduithe a chuir GSOC i gcrích in 2023, chomh maith le moltaí córasacha a d'eascair as na cásanna. Is léiriú iad na cás-staidéir sin ar an raon thar a bheith leathan gearán a iarradh ar GSOC a imscrúdú, ar an raon leathan imthosca atá taobh thiar de na gearáin agus tarchuir a fhaightear san oifig agus ar an iliomad bealaí – a bhíonn lúbach, uaireanta – a dhéantar iad a chur chun cinn, a imscrúdú agus a réiteach.


Creidim go dtugtar léargas cuimsitheach ar obair GSOC in 2023 sa tuarascáil seo agus léiriú ar an ról tábhachtach atá ag formhaoirseacht neamhspleách póilíneachta i sochaí dhaonlathach.

Tugaim aitheantas do shaineolas agus tiomantas mo chomh-Choimisinéirí agus gabhaim buíochas leo as a gcuid foighne agus tuisceana i mbliain ghnóthach eile. Gabhaim buíochas lenár mbaill foirne as a scil, díograis agus tiomantas, a bhí thar an méid a mbeadh coinne réasúnach leis i roinnt mhaith cásanna.

Tá ceannaireacht nua **Fiosrú** ag dul i gceannas ar bhonn inniúlachta, struchtúr agus próiseas a bheidh an-fhóinteach dóibh. Guím gach rath orthu agus iad ag tabhairt éifeacht don ré nua i bhformhaoirseacht na póilíneachta in Éirinn.

Rory MacCabe, SC,
Cathaoirleach

C-D: An Coimisinéir Hugh Hume,
an Cathaoirleach Rory MacCabe,
an Coimisinéir Emily Logan



2

RÉAMHRÁ

Garda
Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

2. RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil seo agus cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt de réir Alt 80 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Ról agus Feidhmeanna GSOC

Gníomhaireacht neamhspleách reachtach is ea Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) a cuireadh ar bun in 2007 faoi Acht an Gharda Síochána, 2005 ('an tAcht' ina dhiaidh seo). Tá sé mar fheidhm againn déileáil le nithe a bhaineann le mí-iompar féideartha ag comhaltaí den Gharda Síochána, ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach, cothrom.

Déileálann GSOC le gearáin a dhéanann daoine den phobal maidir le hiompar comhaltaí den Gharda Síochána, bíodh na líomhaintí ag baint le ceisteanna coiriúla nó le ceisteanna araíonachta. Ina theannta sin, stiúrann GSOC imscrúduithe neamhspleácha ar nithe arna dtarchur chuige ag an nGarda Síochána, ag an Aire Dlí agus Cirt nó ag an Údarás Póilíneachta, nó ar nithe a mheasann GSOC gur ceart iad a imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail. Mínítear na gnéithe éagsúla seo de shainchúram GSOC go mion sa tuarascáil seo, agus tugtar cuntas mionsonraithe ar an gcaoi a seachadadh sainchúram GSOC in 2023.

Ár dTorthaí agus Cuspóirí Straitéiseacha

Le Ráiteas Straitéiseach GSOC 2021-2023 cuirtear in iúl fíis straitéiseach, misean agus torthaí samhlaíthe ardleibhéil an Choimisiúin don tréimhse 2021- 2023. Leagtar amach ann freisin na príomhbhearta a dhéanfaidh GSOC chun gnóthú agus cuntas a thabhairt dá réir sin i bhfianaise na gcuspóirí seo thar an tréimhse sin.

Cé go bhfuil sé bunaithe ar bhunúis reachtacha GSOC faoi láthair, díríonn an Ráiteas Straitéise i dtreo na socruithe is gá i gcomhair aistriú réidh chuig Fiosrú, Oifig nua an Ombudsman Póilíneachta, dá bhfuil na forálacha leagtha amach sa Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024. Achtaíodh an reachtaíocht nua sin i mí Feabhra 2024 agus tá coinne leis go mbeidh éifeacht léi i samhradh 2024. Tá téacs an Achta le fáil ar www.irishstatutebook.ie.

Tabharfar mionsonraí sa tuarascáil seo faoi roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí a rinne GSOC in 2023 chun ullmhú don aistriú chuig an ngníomhaireacht chomharba sa tréimhse amach romhainn.

Ár dTorthaí Straitéiseacha agus ár gCuspóirí

LÁIMHSEÁIL NEAMHSPLEÁCH GEARÁN AGUS IMSCRÚDÚ AR MHÍ-IOMPAR GARDA LÍOMHAINE CHUN LEAS AN PHOBAIL

- Gearáin ón bpobal in aghaidh an Gharda Síochána a phróiseáil ar bhealach neamhspleách, cóir agus tráthúil.
- Imscrúdú ar tharchuir ó Choimisinéir an Gharda Síochána, ón Aire Dlí agus Cirt agus ón Údarás Póilíneachta maidir le mí-iompar féideartha ag comhaltaí Garda agus imscrúduithe a dhéanamh chun leas an phobail.
- Plé le Nochtadh Cosanta i gcomhréir le feidhmeanna reachtúla.

SEIRBHÍS CUSTAIMÉARA DEN SCOTH

- Iontaoibh agus muinín as an tseirbhís a sholáthraímid agus as an bpóilíneacht go ginearálta a spreagadh trí sheirbhís gearán atá gairmiúil agus inniúil a chur ar fáil don phobal.
- Eispéireas seirbhíse custaiméara ardcháilíochta agus seirbhís ghearáin um chearta an duine a sholáthar do chustaiméirí uile GSOC.
- Caidrimh lenár bpríomh-gheallsealbhóirí a fheabhsú agus a fhorbairt ag teacht le feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse a fhéadfaidh GSOC a sholáthar dá chustaiméirí agus feasacht faoi ról GSOC a chur chun cinn.

AISTRIÚ RÉIDH CHUIG COMHLACHT COMHARBA GSOC

- An próiseas maidir le feidhmeanna GSOC a bhunú agus a aistriú chuig a chomhlacht comharba a phleanáil agus a bhainistiú go héifeachtach.
- Inniúlacht a chruthú chun freagairt d'éilimh mhéadaithe mar gheall ar reachtaíocht nua agus dúshlán eile inár dtimpeallacht.
- Tionchar a imirt ar an bhforbairt a dhéanfar amach anseo ar an bpóilíneacht agus ar fhorghaoirseacht na póilíneachta agus rannchuidiú le breis iontaobhe agus muiníne a bheith ag an bpobal as an bpóilíneacht.

EAGRAÍOCHT ARDFHEIDHMIÚIL A BHFUIL ARDMHEAS UIRTHI

- Infheistiú inár bhfoireann agus rogha maith fostóra a dhéanamh de GSOC.
- Cultúr láidir cuimsitheach agus trédhearcach a fhorbairt san eagraíocht a dhíreofar ar ár gcomhchuspóir a bhaint amach agus tacú lenár bhfoireann i gcomhpháirtíocht a bhfuil ardmheas uirthi ar fud na heagraíochta.
- Athruithe a bhainistiú go réamhghníomhach.
- Feasacht níos fearr ag an bpobal faoi ról agus éachtaí GSOC a chur chun cinn.
- Athbhreithniú agus beachtú a dhéanamh ar réitigh nuálacha, iad a fhorbairt tuilleadh agus iad a chur i bhfeidhm chun cuidiú le seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha a sholáthar don phobal.
- Ár gcumas chun taifid agus faisnéis a bhainistiú go cuimsitheach a fhorbairt chun feabhas a chur ar inniúlacht agus ar eolas eagrúcháin d'fhonn bonn faisnéise a thabhairt don chinnteoireacht inmheánach agus do gheallsealbhóirí seachtracha.
- Ceanglais rialachais agus cuntasachta arna n-éileamh ag reachtaíocht agus ag Cóid Rialachais a chomhlíonadh ionas go mbeidh cáilíocht agus ardfheidhmíocht ag croílár ár modh oibre.

Ár bhFís, Misean agus Luachanna

Ár bhFís:

Tá Fís againn de mhaoirseacht póilíneachta den scoth bunaithe ar chearta an duine, a théann chun póilíneacht iontaofa agus sochaí shlán sábháilte a chinntiú.

Ár Misean:

córas neamhspleách, ardcháilíochta a bhfuil iontaoibh as a sholáthar chun plé le nithe a bhaineann le mí-iompar féideartha ag comhaltai den Gharda Síochána, ar bhealach a léiríonn meas ar chearta an duine agus a chuireann muinín an phobail asainn chun cinn.

Ár Luachanna tá siad ag croílár gach a ndéanaimid agus tugann siad treoir dár gcur chuige ar ár modh oibre. Tugann siad bonn faisnéise dár gcinntí agus don tslí a chaithimid lenár bpáirtithe leasmhara agus dár gcomhghleacaithe.

Taispeántar thíos na croí-luachanna sin agus a gciallaíonn siad dúinn:



3 ÁR nAISTRIÚ CHUIG OIFIG AN OMBUDSMAN PÓILÍNEACHTA: PLEANÁIL, ULLMHÚ AGUS CAIDREAMH LE PÁIRTITHE LEASMHARA

3. ÁR nAISTRIÚ CHUIG OIFIG AN OMBUDSMAN PÓILÍNEACHTA: PLEANÁIL, ULLMHÚ AGUS CAIDREAMH LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Reachtaíocht Nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail

Foilsíodh an Bille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail i mí na Samhna 2022, agus cuireadh tús lena rith ag an Oireachtas go luath in 2023. Achtaíodh é i mí Eanáir 2024. Foilsíodh an Bille i ndiaidh tréimhse fhada rannpháirtíochta idir GSOC agus an Roinn Dlí agus Cirt, tréimhse inar thug GSOC tuairimí mionsonraithe faoi bhearnaí, ábhair imní praiticiúla agus nithe eile a bhain lenár dtaithí ar fhorghaoirseacht na póilíneachta. Leanadh leis an rannpháirtíocht sin fad a bhí an Bille á rith ag an Oireachtas le linn 2023.

Déantar foráil sa reachtaíocht nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail reachtaíocht go leanfar GSOC ar aghaidh faoin ainm Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta. Is céim mhór chun tosaigh é an tAcht chun aghaidh a thabhairt ar bhearna i mbonneagar cuntasáíochta na póilíneachta in Éirinn, bearna ar tugadh sainmhíniú soiléir uirthi agus a cuireadh in iúl i bhfad siar. Fáiltíonn GSOC roimh an Acht agus tá aon ábhar imní eile faoi neamhspleáchas institiúide curtha in iúl aige go soiléir, go háirithe mar a shamhlaigh an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta nó 'Prionsabail na Veinéise' de chuid Chomhairle na hEorpa. Tá béim leagtha ag GSOC go leanúnach ar a thábhachtaí atá sé na hacmhainní cearta a sholáthar má tá Fiosrú le bheith in ann a shainordú leathnaithe a bhaint amach. Dhírigh GSOC go mór air sin in 2023 nuair a d'fhorbraíomar cás gnó cuimsitheach don mhéid a bheidh de dhíth ó Fhiosrú ó thaobh foirne, acmhainní agus saineolais de, le go mbeidh sé in ann a shainchúram leathnaithe a chomhlíonadh.

Ag Ullmhú do Shainchúram Nua Fiosrú a Chur i bhFeidhm

Is ionann na hathruithe a mholtar sa reachtaíocht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail agus athrú ollmhór, ní hamháin do GSOC, ach do ghníomhaireachtaí, ranna agus páirtithe leasmhara eile ar feadh bonneagair na hÉireann um póilíneacht, sábháilteacht pobail agus formhaoirseacht na póilíneachta. Le linn 2023, bhí GSOC rannpháirteach go gníomhach le Clár Feidhmithe Idirghníomhaireachta na Roinne Dlí agus Cirt chun an reachtaíocht a chur i bhfeidhm. Is clár casta ilghnéitheach é sin, a bhfuil an Roinn, GSOC, An Garda Síochána, an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána páirteach ann. Chomh maith le hionadaíocht a bheith aige ar Bhord agus ar Ghrúpa Stiúrtha Feidhmithe an Chláir, bhí GSOC ina chroí-rannpháirtí in dá thionscadal lena mbaineann tábhacht straitéiseach faoi leith.

- Samhail Oibriúcháin Fhiosrú, chun na struchtúir institiúide agus rialachais a ullmhú le haghaidh Fiosrú, gníomhaireacht a bhfuil vóta neamhspleách Oireachtais aici; agus
- Athchóiriú Próiseas Fhiosrú, chun na córais, nósanna imeachta, prótacail agus línte cumarsáide comhaontaithe a bhunú, i ndlúthchomhar leis an nGarda Síochána, nithe a mbeidh gá leo chun comhoibriú éifeachtach idir-ghníomhaireachta a dhéanamh agus feidhmeanna reachtúla na reachtaíochta nua á soláthar.

Tá coinne leis go rachaidh an reachtaíocht nua i bhfeidhm i lár 2024, agus cuireadh dlús le hobair na ngrúpaí sin le linn 2023.

Le linn 2023 rinne GSOC obair mhór chun ullmhú don aistriú chuig Fiosrú, lena n-áirítear:

Is céim mhór chun tosaigh é an tAcht chun aghaidh a thabhairt ar bhearna i mbonneagar cuntasáíochta na póilíneachta in Éirinn

- Caidreamh leanúnach leis an Roinn Dlí agus Cirt faoi théacs na reachtaíochta, chun tuairimí a thabhairt agus chun comhthuiscint ar ghnéithe áirithe den Bhille a bhunú;
- Ceanglais bhreise rialachais a chur ar bun chun an ghníomhaireacht a ullmhú le bheith neamhspleách ó thaobh airgeadais de sa todhchaí mar chomhlacht a bhfuil vóta aige. Áiríodh leis sin Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh a fháil agus a chur ar bun, agus ár gCreat Bainistíochta Riosca agus ár gClár Riosca a athfhorbairt;
- Athróidh an t-ullmhúchán don athrú eagraíochtúil struchtúrach, go háirithe struchtúr ceannaireachta na heagraíochta, ó Choimisiún de thriúr go dtí Ombudsman, Leas-Ombudsman agus POF a oibreoidh mar Oifigeach Cuntasachta Fhiosrú. Tá obair leanúnach ar siúl chun na feidhmeanna agus na córais atá ann cheana a oiriúnú chun sainchúram nua agus ceanglais rialachais nua na heagraíochta a bhaint amach; agus chun feidhmeanna nua a chur ar bun, ina measc feidhm um athbhreithniú reachtúil;
- Cás gnó a fhorbairt, agus athbhreithniú eagraíochtúil neamhspleách mar bhonn eolais leis, chun acmhainní leordhóthanacha a fháil le haghaidh Fiosrú, lena chinntiú go mbeidh a bhfuil de dhíth air chun a shainchúram leathnaithe a chomhlíonadh aige;
- Plean feidhmithe cuimsitheach a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh air, chun an t-aistriú a dhéanamh faoi mhaoirseacht bhord tionscadail inmheánach;
- Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phróisis atá ann cheana agus athdhearadh na bpróiseas chun iad a ailíniú lenár sainchúram reachtúil leathnaithe, agus teimpléid agus treirdhoiciméid a fhorbairt;
- Rannpháirtíocht fhairsing le comhpháirtithe cláir chun prótacail nua don rannpháirtíocht a fhorbairt;
- Dul chun cinn a dhéanamh ar phleananna chun córas bainistithe cásanna nua a fháil – cuid bhunúsach de bhonneagar Fhiosrú;
- Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt ar chéannacht chorparáideach nua agus feachtas rannpháirtíochta pobail, chomh maith le láithreán gréasáin nua le haghaidh Fiosrú;
- Caidreamh a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun forbairt ar an Vóta nua le haghaidh Fiosrú, i dteannta córais nua chun tacú le cuntasacht agus rialachas an Vóta, a thabhairt chuig céim thar a bheith forbartha; agus
- Cruinnithe tráthrialta leanúnacha Bhord Tionscadail Aistrithe GSOC agus cumarsáid agus caidreamh leanúnach leis an bhfoireann faoin mBille agus faoin bpróiseas aistrithe.

Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

Sa bhreis ar chaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe sa Roinn, sa Gharda Síochána agus i ngníomhaireachtaí faoin mBille, lean GSOC lena chaidreamh níos leithne le páirtithe leasmhara – sa bhaile agus thar lear – le linn 2023. Gné ríthábhachtach é sin agus sinn ag ullmhú don aistriú agus don athchóiriú, rud a lig dúinn ár bpríomhábhair imní agus ár dtosaíochtaí

straitéiseacha maidir leis an todhchaí a chur in iúl don lucht déanta beartas, don tsochaí shibhialta agus don phobal i gcoitinne. Thug sé deis iontach dúinn freisin chun eolas agus taithí a roinnt le comhghleacaithe i ndlínsí eile. Beidh straitéis níos réamhghníomhaí agus níos leithne maidir le caidreamh a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara, ag tógáil ar an obair a rinneadh in 2022 agus in 2023, mar phríomhchólún d'obair Fhiosrú agus é á chur ar bun agus á fhorbairt.

Thionóil an líonra Uile-Eorpach Frith-Éilithe, Comhpháirtithe Eorpacha in Aghaidh an Éilithe (CEAE), an 22ú Comhdháil Bhliantúil aige ar 2-3 Samhain 2023 i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Tugadh le chéile leis an gcomhdháil, a d'oscail an tAire Dlí agus Cirt Helen McEntee, breis is 100 toscaire as gníomhaireachtaí frith-éilithe ar fud na hEorpa chun na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an éilliú a chomhrac sa 21ú aois a chlóradh.

Bhí sé de phribhléid ag COGS bheith i gceannas ar chomhordú na comhdhála i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus ballraíocht Éireannach CEAE, ar a n-áirítear COGS, an tÚdarás Póilíneachta, An Garda Síochána agus Cigireacht an Gharda.



Sa ghrianghraf C-D: Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána Jonathan Roberts, POF an Údaráis Póilíneachta Helen Hall, An tAire Dlí agus Cirt, an tAire Helen McEntee, Coimisinéir GSOC Emily Logan, Príomh-Chigire Chigireacht an Gharda Síochána Mark Toland agus Coimisinéir GSOC Hugh Hume

4 TUARASCÁIL FAOI DHUALGAS NA hEARNÁLA POIBLÍUM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

4. TUARASCÁIL FAOI DHUALGAS NA hEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

Cuirimid Cearta an Duine agus Comhionannas ag croílár na físe againn do GSOC, mar a leagtar amach inár Ráiteas Straitéise 2021 - 2023. Sa Ráiteas Straitéise, leagtar amach na príomh-shaincheistean na um chearta an duine agus comhionannas atá ábhartha do sholáthar ár bhfeidhmeanna, i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá orainn faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

An chroífhéidhm atá ag GSOC ná déileáil le nithe a bhaineann le mí-iompar féideartha ag comhaltaí den Gharda Síochána, ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach, cothrom. Agus sinn ag láimhseáil gearán, ag láimhseáil tarchur agus i mbun imscrúduithe, pléitear le cearta raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gearánaigh, Gardaí, an pobal níos leithne agus ár bhfoireann féin. De bharr an cineál oibre a dhéanann GSOC, ní mór cloí go docht le cearta bunúsacha mar bhonn taca léi, go háirithe cearta gearánach cúiteamh a lorg as mí-iompar líomhainte, ina measc iad siúd atá ina n-íospartaigh coireachta tromchúisí, nó daoine lena mbainfeadh cineálacha éagsúla leochaileachta nó míbhuntáiste; agus cearta nós imeachta na ndaoine faoi imscrúdú.

Cuirimid béim láidir ar chothromas maidir le rochtain agus comhionannas sa tslí a gcaitear le gach duine. Is maith is eol dúinn an ról atá againn mar chuid de na hoibleagáidí níos leithne atá ar an Stát faoi Airteagail 2 agus 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, go háirithe i gcomhthéacs ár n-imscrúduithe ar theagmhais a bhaineann le bás agus díobháil thromchúiseach arna dtarchur chugainn faoi Alt 102 den Acht.

Ina theannta sin, i measc na saincheistean na um chearta an duine agus comhionannas a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise díreann ar:

- Caidreamh oscailte agus thrédhearcach lenár bpáirtithe leasmhara;
- A chinntiú go bhfuil an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoi na caighdeáin um chearta an duine agus comhionannas atá mar bhonn taca le hobair GSOC;
- Inrochtaineacht ár bhfeidhmeanna agus ár seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear trí ghníomh dearfach chun caidreamh a dhéanamh le grúpaí éagsúla;
- Dínit agus folláine na foirne a chosaint; agus
- Tógáil ar éagsúlacht ár bhfórsa saothair.

In 2023, leanamar den dul chun cinn a bhí déanta maidir le dul i ngleic le cuid de na saincheistean na um chearta an duine agus comhionannas a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise. Le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, cuirtear oibleagáid ar GSOC a chinntiú go mbeidh an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoin oibleagáid atá orthu cearta an duine do chách a chosaint agus a chaomhnú. In 2023, leanamar den dul chun cinn suntasach a bhí déanta maidir le hoiliúint agus oideachas i gcearta an duine dár bhfoireann.

In 2023, bhain baill foirne cáilíochtaí amach sa Phóilíneacht agus sna Dlíthe i leith Chearta an Duine in Éirinn, agus Máistir i gCearta an Duine i gCeartas Coiriúil in Ollscoil Luimnigh. Leanamar den dul chun cinn ó thaobh feabhas a chur ar oscailteacht agus thrédhearcacht na teagmhála le páirtithe leasmhara in 2023, lena n-áirítear trí chaidreamh ghníomhach leis an tsochaí shibhialta agus le déantóirí beartais. Táthar ag obair go leanúnach ar straitéis athnuaite cumarsáide agus teagmhála a fhorbairt le haghaidh Fiosrú.

Tá cearta an duine agus comhionannas ag croílár ár mbeartas agus nósanna imeachta inmheánacha i gcónaí, agus tá scrúdú á dhéanamh orthu faoi láthair d'fhonn iad a athbhreithniú i gcomhthéacs aistriú GSOC chuig Fiosrú.

Is tosaíocht straitéiseach i gcónaí do GSOC, le linn an aistrithe, é feabhas a chur ar inrochtaineacht ár gcumarsáide poiblí agus ár seirbhísí, ar líne agus ar an láthair araon. Aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le sonraí inrochtana agus imdhealaithe um chearta an duine agus comhionannas a ghiniúint, chun bearnaí i gcosaint ceart a shainaithint agus chun treochtaí agus patrúin a shainaithint. Tá obair ar bun againn lena chinntiú go mbeidh sonraí imdhealaithe leordhóthanacha ar fáil i bhFiosrú chun tacú le cinnteoireacht straitéiseach. Is croí-thosaíocht dúinn a chinntiú go mbeidh na huirlisí ag Fiosrú chun sonraí imdhealaithe um chearta an duine agus comhionannas a ghabháil, a fhiosrú agus a roinnt, agus pleananna á mbrú chun cinn againn le haghaidh Chóras Bainistíochta Cásanna nua chun freastal ar riachtanais ár bhfeidhmeanna agus ár sainchúram méadaithe.

Bíonn sé dúshlánach don fhoireann feidhmeanna GSOC a sheachadadh. Cuirimid béim ar fholláine na foirne trínár gcur chuige ó thaobh dúshláin timpeallachta agus seachadadh seirbhísí a chinntiú. I ndiaidh na paindéime, choinníomar beartas oibre cumaisc ar bun, rud a chuir feabhas ar ár gcultúr oibre agus ar chothromaíocht oibre is saoil. Tabharfar tosaíocht dó sin i gcónaí i gcomhthéacs ár n-aistrithe chuig Fiosrú.

Tá GSOC bródúil as a fhórsa saothair fuinniúil agus éagsúil. Déanann GSOC ceapacháin tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a fheidhmíonn beartas comhdheiseanna agus a bhfuil a chuid oibre faoi réir ag Straitéis fhadtéarmach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Chuimsiú. Agus GSOC ag aistriú chuig Fiosrú, táimid tiomanta fás a dhéanamh ar bhealach a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh éagsúlacht ár bhfórsa saothair agus a chinntiú go léireoidh sé éagsúlacht an phobail dá soláthraímid seirbhís.

5. SRACFHÉACHAINT AR 2023

SEACHADADH SEIRBHÍSE GSOC I BHFIGIÚIRÍ

GEARÁIN A FUARTHAS
1,577
(LAGHDÚ 14%)

IMSCRÚDUI THE CHUN LEAS AN PHOBAIL DÉANTA
25
(IN ÉAGMAIS GEARÁIN)

LÍOMHAINTÍ LAISTIGH DE GHEARÁIN
3,358

TARCHUIR 102
35
(LAGHDÚ 15%)

TARCHUIR CHOSANTA LEANAÍ CHUIG TUSLA

40
CHOMHAD SEOLTA CHUIG AN STIURTHOIR, IONCHUISEAMH POIBLÍ

44
ÉIGEANTACH

66
NEAMH-ÉIGEANTACH

81
SMACHTBHANNA FORCHURTHA AG COIMISINÉIR AN GHARDA, SÍOCHÁNA TAR ÉIS GEARÁIN

GHEARÁN DÚNTA
1,755
INA RAIBH LÍOMHAIN

2,733
GHLAO FAIGHTE AG AN UIMHIR ÍOSGHLAO

FHIOSRÚCHÁN FAIGHTE
3,765

FOIREANN AGUS BUISÉAD



154

FOIREANN



16.670M
BUISÉAD

TORTHAÍ SA RÁITEAS STRAITÉISE A BHAINT AMACH

Láimhseáil neamhspleách gearán agus líomhaintí faoi mhí-iompar ag an nGarda Síochána a imscrúdú chun leas an phobail

In 2023, lean GSOC air ag seachadadh a shainchúraim: gearáin a fháil ón bpobail agus iad a chur chun cinn, imscrúdúithe a thionscnamh, agus cásanna a thabhairt chun críche. Rinneadh an obair sin in éineacht leis an obair ullmhúcháin rithábachtach don aistriú eagraíochtúil chuig Fiosrú.

Seirbhís den scoth do chustaiméirí

In 2023, lean GSOC air ag seachadadh seirbhíse riachtanaí don phobal, lena n-áirítear:

- **1,577** ngearán a fháil
- **131** iarraidh rochtana sonraí a phróiseáil
- Ábhar a sholáthar mar fhreagra ar **48** gCeist Pharlaiminteacha
- **60** iarraidh um Shaoráil Faisnéise a láimhseáil

Eagraíocht ardfheidhmíochta a bhfuil ardmheas uirthi

In 2023, rinne GSOC na nithe a leanas:

- Fáiltíodh roimh **26** bhall foirne nua
- Éascaíodh **130** cúrsa oiliúna do bhaill foirne GSOC tríd an gClár Foghlama agus Forbartha

Aistriú réidh chuig comhlacht comharbais GSOC, Fiosrú

Le linn 2023, rinne GSOC na nithe a leanas:

- Caidreamh gníomhach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an nGarda Síochána chun ullmhú do rith, achtú agus cur i bhfeidhm an Bhille nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, lena n-áirítear Fiosrú a chur ar bun.
- Leanamar den chaidreamh leis an Oireachtas faoin mBille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail.
- Rinneamar dul chun cinn ar chóras bainistíochta cásanna ilfheidhmeach nua a fhorbairt, rud a chuideoidh linn a chinntiú go mbeidh anailís ar shonraí ag croílár obair Fhiosrú.
- Rinneamar dul chun cinn ar chéannacht chorpáraideach nua le haghaidh Fiosrú, agus ar phlean chun é a rolladh amach don phobal nuair a théann an ghníomhaireacht nua i bun oibre.

IMEACHTAÍ SUNTASACHA

I mí Feabhra 2023, d'fhoilsigh GSOC a aighneacht chuig an Oireachtas inar leag sé amach a thuairimí faoin mBille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail

I mí an Mheithimh 2023, tháinig Coimisinéirí GSOC os comhair Choiste an Oireachtais um Achainíocha ón bPobal


I mí na Samhna 2023, rinne GSOC, i gcomhar le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, sa Garda Síochána, san Údarás Póilíneachta agus i gCigireacht an Gharda Síochána, an 22ú Comhdháil Bhliantúil Comhpháirtithe Eorpacha in aghaidh na hÉillitheachta (EPAC), líonra ilnáisiúnta frith-éillitheachta na hEorpa, a eagrú agus a óstáil. Tionóladh an chomhdháil i bPáirc an Chrócaigh agus d'fhreastail os cionn 100 ionadaí ar ghníomhaireachtaí frith-éillitheachta ó ar fud na hEorpa uirthi.

CEANNAIREACHT IDIRNÁISIÚNTA

In 2023, léirigh GSOC ceannaireacht idirnáisiúnta mar chomhalta gníomhach de:

- Líonra na hEorpa um Údaráis Ionracais agus Sceithireachta (NEIWA)
- The Independent Police Complaints Authorities Network (IPCAN) [An Líonra Údarás Neamhspleách um Ghearáin faoi Phóilíní]
- Comhpháirtithe Eorpacha in aghaidh na hÉillitheachta (EPAC)
- An Comhlachas Ombudsman (OA)

IMSCRÚDUI THE A OSCLAÍODH DE RÉIR CINEÁIL



- Imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a.94(1)): 404
- Imscrúdú Coiriúil ag GSOC (a.98): 406
- Imscrúdú araíonachta faoi stiúir GSOC (a.95): 59
- Imscrúdú araíonachta faoi mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a.94(5)): 58
- Scortha roimh thús an imscrúdaithe 35

6

RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

6. RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

Rialachas agus Struchtúr

Cuireadh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ar bun faoi Acht an Gharda Síochána, 2005. Tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha amach in Alt 67 den Acht.

An Coimisiún Ombudsman

Tá an Coimisiún Ombudsman comhdhéanta de thriúr comhaltaí. Is é an tUachtarán a cheapann gach comhalta de Choimisiún an Ombudsman tar éis a n-ainmnithe ag an Rialtas agus tar éis rún bheith rite tríd an dá Theach den Oireachtas ag moladh go gceapfaí iad. Ceaptar duine de chomhaltaí Choimisiún an Ombudsman ina C(h)athaoirleach.

In 2023, bhí an Coimisiún Ombudsman comhdhéanta de:

- An tUas. Rory MacCabe, SC (Cathaoirleach)
- An tUas. Hugh Hume; agus
- Emily Logan Uasal

Rialachas

Tá an Coimisiún Ombudsman freagrach as rialú agus stiúradh an Gharda Síochána, agus as rialachas maith a chinntiú. Tá sé cuntasach as sin don Aire Dlí agus Cirt.

Freagrachtaí agus Cuspóirí

Leagtar amach in Ailt 65 go 67 comhaltacht, téarmaí agus coinníollacha, ceapachán, feidhmeanna agus cuspóirí an Choimisiúin Ombudsman. Mar aon lena fheidhmeanna agus cuspóirí reachtacha, áirítear i measc a fhreagrachtaí chomh maith:

- Rath GSOC a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí GSOC a threorú agus a stiúradh;
- treoir straitéiseach a chur ar fáil do GSOC mar aon le comhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna tarmligthe a mhonatóiriú agus a mhaoirsiú;

- athbhreithniú agus treorú:
 - treo straitéiseach,
 - pleananna móra gnímh,
 - beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca,
 - buiséid bhliantúla agus pleananna gnó,
 - cuspóirí feidhmíochta a leagan amach,
 - monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus feidhmíocht; agus
 - formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí móra maidir le caiteachas caipitil
- gníomhú ar bhonn lánfheasach, eiticíúil, go hionraic, le díograis agus cúram cuí, agus ar mhaithe le GSOC, faoi réir ag cuspóirí arna leagan síos ag an Rialtas;
- forbairt chumas GSOC a chur chun cinn, cumas a lucht ceannais agus a lucht foirne san áireamh; agus
- an lucht bainistíochta sinsearach a thabhairt chun cuntais maidir le feidhmiú éifeachtach a ndualgais agus a bhfreagrachtaí tarmligthe.

Is faoin gCoimisiún é raon príomhchinntí a dhéanamh, lena n-áirítear cinntí i ndáil le:

- Tionscadail chaipitil a fhaomhadh;
- Leibhéil údarais tharmligthe, beartais bainistíochta airgeadais agus beartais bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm;
- Téarmaí mórchonarthaí a fhaomhadh;
- Éadálacha, diúscairtí agus diúscairt sócmhainní GSOC a fhaomhadh;
- Buiséid bhliantúla a fhaomhadh;
- Dearbhuithe a thabhairt maidir le comhlíonadh cheanglais reachtúla agus riaracháin i ndáil le líon, grádú agus coinníollacha ceapacháin na foirne uile a fhaomhadh;
- Straitéis na heagraíochta a leagan amach; agus
- Tuarascálacha Bliantúla agus cuntais a fhoilsiú.

Cruinnithe an Choimisiúin Ombudsman

Oibríonn an Coimisiún Ombudsman i ndlúthchomhar fad a dhéanann sé idirchaidreamh leis an mbainistíocht shinsearach ó lá go lá. Ina theannta sin, tionólaíonn an Coimisiún cruinnithe foirmiúla le bainistíocht shinsearach GSOC ar bhonn tréimhsiúil chun a dhualgais reachtúla rialachais agus oibríochtúla a chomhlíonadh. Tionóladh cúig chruinniú den sórt sin in 2023.

An Fhoireann Shinsearach Bainistíochta

Tá an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta, iad ag tuairisciú don Choimisiún, freagrach as bainistíocht na heagraíochta ó lá go lá.

- Claire O'Regan, Ceann Dlí (go dtí an 17 Feabhra 2023)
- Nick Harden, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí (go dtí an 27 Aibreán 2023)
- Jon Leeman, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
- Valerie Woods, Príomhoifigeach, Seirbhísí Corparáideacha agus Rúnaíocht (ón 16 Eanáir 2023)
- David Grant, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí (ón 28 Aibreán 2023)

Tábla A: Freastal ar Chruinnithe Foirmiúla den Choimisiún Ombudsman in 2023

Cruinnithe Foirmiúla an Choimisiúin Ombudsman in 2023		
Ainm	Post	Líon cruinnithe ar ar freastalaíodh
An Breitheamh Rory McCabe ¹	Cathaoirleach	5
An tUas. Hugh Hume	Coimisinéir	5
Emily Logan Uas.	Coimisinéir	5
Aileen Healy Uas.	Stiúrthóir Riaracháin	4
An tUas. Peter Whelan ²	Stiúrthóir Imscrúduithe agus Oibríochtaí	5

Le linn 2023, bhí na hoifigigh a leanas ar an bhFoireann Shinsearach Bainistíochta:

- Aileen Healy, Stiúrthóir Riaracháin
- Peter Whelan, Stiúrthóir Imscrúduithe agus Oibríochtaí
- George O'Doherty, Príomhoifigeach, Seirbhísí Corparáideacha (go dtí an 31 Márta 2023)
- Darren Wright, Príomhoifigeach, Eolas agus Bainistíocht Cáilíochta
- Garrett Croke, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí

Feidhmíocht a Sheachadadh agus Formhaoirseacht

Chomhaontaigh GSOC agus an Roinn Dlí agus Cirt Comhaontú Formhaoirseachta le haghaidh 2021-22 i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Leagtar amach sa Chomhaontú Formhaoirseachta an creat ginearálta rialachais agus cuntasachta riaracháin a oibríonn GSOC laistigh de, agus sainmhínítear leis na príomhróil,

1. Chuaigh an tUas. Rory McCabe i mbun a phoist mar Chathaoirleach GSOC an 20 Eanáir 2022.
2. Chuaigh an tUas. Peter Whelan i mbun a cheapacháin mar Stiúrthóir Imscrúduithe agus Oibríochtaí an 30 Bealtaine 2022.

freagrachtaí agus tiomantais reachtacha agus riaracháin atá mar bhonn agus mar thaca leis an gcaidreamh idir GSOC agus an Roinn. Leagtar amach sa Chomhaontú freisin na socruithe i gcomhair rialachais éifeachtaigh, cistithe agus riaracháin ghinearálta GSOC de réir an Chóid. Maolú nó eisceacht ar bith ón gCód tá sé comhaontaithe leis an Roinn agus leagtha amach sa Chomhaontú Formhaoirseachta.

Chomhaontaigh GSOC agus an Roinn Dlí agus Cirt Comhaontú comhlántach um Fheidhmíocht a Sheachadadh le haghaidh 2023 freisin, i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Leagtar amach sa chomhaontú sin, i gcomhthéacs na n-ionchur acmhainní arna soláthar ag an Roinn, an mhéadracht agus na spriocanna gaolmhara ar tomhaiseadh feidhmíocht GSOC dá réir in 2023.

Airgeadas

Cistítear GSOC trí sholáthar deontais bhliantúil ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt. Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta agus do chistiú a soláthraítear don Choimisiún.

Ceanglaítear ar GSOC faoi Alt 77 den Acht gach cuntas is cuí agus is gnáth a choimeád ar an airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, i pé foirm a bheidh faofa ag an Aire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Coimisiún freagrach as taifid leordhóthanacha cuntasaíochta a choimeád lena nochtfar, go réasúnta cruinn am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 77 den Acht. An Cathaoirleach atá freagrach as ullmhúchán cuntas GSOC.

Caiteachas

Chinntigh an Coimisiún Ombudsman gur chomhlíon GSOC an Cód Caiteachais Phoiblí go hiomlán le linn 2023.

Tábla B: Caiteachas GSOC 2023*

Catagóir	Buiséad 2023 €	Fo-cheannteideal Caiteachais	Caiteachas 2023 €
Pá	12,233,000	A01 – Pá & Liúntais	10,961,143.18
Neamh-phá	4,437,000	A02 - Taisteal & Cothabháil	116,508
		A03 – Costais Theagmhasacha	1,073,308
		A04 – Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	95,447
		A05-Trealamh Oifige & Soláthairtí Oifige Eile	1,656,362
		A06-Costais Oifige & Áitribh	2,217,844
Iomlán	16,670,000		16,120,612

*Nóta: Figiúirí caiteachais faoi réir iniúchta.

Príomhphearsanra Bainistíochta

B’ionann iomlán na dtuarastal a d’íoc Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le príomhphearsanra bainistíochta agus €844,949.

Táillí nach mbaineann le Tuarastal

Níor íocadh aon Táillí nach raibh bainteach le tuarastal i leith chomhalta de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le haghaidh 2023.

Sochar Fostaithe

Léirítear sa Tábla a leanas an líon fostaithe ar thit an sochar fostaithe iomlán a íocadh leo in 2023 laistigh de gach ceann de na bandaí pá seo a leanas [áirítear ar na figiúirí seo tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí ach ní áirítear orthu ÁSPC an fhostóra]:

Tábla C: Miondealú ar Shochar Fostaithe

Raon		Líon Fostaithe
Ó - Go	2023	2022
€60,000 - €69,999	38	18
€70,000 - €79,999	10	12
€80,000 - €89,999	8	9
€90,000 - €99,999	11	4
€100,000 - €109,999	3	4
€110,000 - €119,999	2	3
€120,000 - €129,999	1	1
€130,000 - €139,999	-	-
€140,000 - €149,999	1	-
€150,000 - €159,999	3	2

Comhairleacht, Costais Dlí agus Socraíochtaí

Áiríodh le caiteachas in 2023 costas comhairle seachtraí don bhainistíocht agus comhairle ghinearálta dlí a fuair Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána arbh ionann é agus €235,666.

B’ionann an caiteachas bainteach le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí eadráin bainteach le conarthaí le tríú páirtithe agus €174,558 in 2023.

Níl na ráitis airgeadais, an Ráiteas faoi Rialachas Inmheánach i GSOC thíos ina measc, iniúchta go fóill ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus dá bhrí sin tá an fhaisnéis airgeadais atá soláthartha sa tuarascáil seo sealadach go fóill.

Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh

Bainistíocht Cáilíochta

Tá forbairt incriminteach á déanamh ar Bhainistíocht Cáilíochta chun an creat riachtanach a chur ar bun lena chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht a hoibleagáidí reachtúla agus rialachais agus go ndéanann GSOC idirchaidreamh ardcháilíochta le h húsáideoirí na seirbhísí. Tá breithniú á dhéanamh ar athbhreithniú eagraíochtúil agus moltaí don todhchaí, mar a shamlaítear sa Bhille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, atá achtaithe anois, chun an cur chuige atá le glacadh ag an bhfeidhm cháilíochta i gcomhthéacs an aistrithe a chur ar bhonn foirmiúil.

Iniúchadh agus Riosca

Bhunaigh an Coimisiún a Choiste Iniúchta agus Riosca féin in 2022 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus rialúcháin inmheánacha san eagraíocht agus chun comhairle a chur ar an gCoimisiún i ndáil le ceisteanna iniúchta, rialachais agus riosca. Tá beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gcoiste; duine amháin mar chathaoirleach agus duine amháin mar chomhalta. Tá taithí airgeadais atá ábhartha agus a fuarthas le déanaí ag comhalta amháin den choiste. Tháinig an Coiste le chéile 5 huairé le linn 2023.

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag GSOC lena n-áirítear:

- Príomhoifigeach Riosca a bhfuil freagracht fhoriomlán air as bainistíocht riosca a mhaoirsiú agus an Coimisiún a choimeád ar an eolas faoi rioscaí ardleibhéil agus a maolú;

- Beartas Bainistíochta Riosca lena leagtar amach na próisis atá i bhfeidhm chun rioscaí san eagraíocht a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú;
- Clár Riosca ina dtugtar mionsonraí faoi rioscaí agus faoin gcaoi a mhaolaítear ia agus a choimeádtar cothrom le dáta ar bhonn leanúnach.
- Mír fhoirmiúil ar an gclár oibre do chruinnithe míosúla na gCoimisinéirí é riosca, cruinnithe ag a gcuirtear tuarascáil ar bhainistíocht riosca faoi bhráid an Choimisiúin lena breithniú. Mír sheasta ar an gclár oibre do chruinnithe na Foirne Bainistíochta Riosca freisin í bainistíocht riosca.
- Leanadh den obair trí chóras Bainistíochta Riosca nua GSOC a chur i bhfeidhm in 2023; an Clár Riosca a thabhairt cothrom le dáta chun riosca a shainaithint, a mheas agus a mhaol, chun athbhreithniú leanúnach agus feabhsúcháin leanúnacha in GSOC a chinntiú, agus chun dearbhú a thabhairt don Choimisiún. Is é a bhí i gceist leis sin ná rioscaí atá ann cheana a chur le chéile agus a thabhairt cothrom le dáta, rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus rioscaí a nascadh le cuspóirí straitéiseacha GSOC, gníomhartha maolaithe a shainaithint agus rialuithe a chur ar bun.



2023 Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh in GSOC

Aithníonn Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána an fhreagracht atá orainn maidir lena chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialachán inmheánach a choinneáil ar bun agus a oibriú. Tá ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní thugann an córas rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaráithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aithint go tráthúil. Tá an Coimisiún sásta go bhfuil na córais atá ar bun aige réasúnta agus cuí do thosca an Choimisiúin i bhfianaise méid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus cineál oibríochtaí an Choimisiúin.

An Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh

Tá na céimeanna seo a leanas déanta chun timpeallacht rialaithe cuí a chinntiú.

- Sanntar caidrimh inmheánacha tuairiscithe go soiléir;
- Sanntar freagrachtaí bainistíochta agus cuirtear in iúl iad go soiléir idir an Stiúrthóir Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha agus an Fhoireann Airgeadais;
- Is faoi na bainisteoirí líne agus comhaltaí an Choimisiúin atá na cinntí maidir le caiteachas i gcomhréir le tairseacha faofa caiteachais;
- Baineadh leas as socruithe seirbhísí comhroinnte i ndáil le roinnt seirbhísí bainistíochta airgeadais agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar do GSOC:
 - Cuireann an Roinn Dlí agus Cirt seirbhís íocaíochta gníomhaireachta ar fáil do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.
 - Phróiseáil an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla, ar cuid den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte í, an párolla agus éilimh taistil agus cothabhála.
 - Chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchta inmheánaigh, coimeád clár sócmhainní seasta, ordaithe ceannachán agus comhdaithe cánach ar fáil.
- Faightear seirbhísí breise ó sholáthróirí seachtracha freisin, nuair is gá, chun na seirbhísí sin a fhorlíonadh;
- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh a dhéanann a cuid oibre i gcomhréir le Caighdeán Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha chun dearbhú neamhspleách agus neamhchlaonta a thabhairt i leith leordhóthanacht na timpeallachta rialaithe inmheánaigh;
- Tá nósanna imeachta agus rialuithe airgeadais láidre ar bun agus fostaítear cuideachta cuntasaíochta sheachtrach chun cuntais airgeadais GSOC a ullmhú.
- Tá córais ar bun ag GSOC chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus chun déileáil leis na rioscaí a tháinig i bhfeidhm le linn 2023, a mhéid is féidir i bhfianaise na timpeallachta oibriúcháin.

Tháinig Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le chéile go foirmiúil cúig huaire in 2023 chun a fhreagrachtaí rialachais a chomhlíonadh.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá próisis curtha ar bun ag an gCoimisiún chun rioscaí gnó agus airgeadais a shainaithint agus a mheas trí Chlár Riosca agus beartais bhainistíochta riosca a chur ar bun chun:

- Cineál agus méid na rioscaí airgeadais agus oibriúcháin a shainaithint;
- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go dtarlódh rioscaí;
- Meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcumas chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú;
- Scrúdú a dhéanamh ar rioscaí i gcomhthéacs spriocanna straitéiseacha;
- Bearta a chur ar bun chun rioscaí a mhaolú; agus
- Tuairisciú ar rioscaí a dhéanamh go rialta.

Áirítear leis an gcóras bainistíochta riosca atá ar bun:

- Príomhoifigeach Riosca ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus as an gCoimisiún a choimeád ar an eolas maidir le rioscaí ardleibhéil agus a maolaithe.
- Beartas Bainistíochta Riosca ina leagtar amach na próisis atá ar bun chun rioscaí san eagraíocht a shainaithint, a mheas agus a mhaolú;
- Clár Riosca ina bhfuil mionsonraí faoi rioscaí agus a maolaithe agus a choinnítear é cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Leis an gclár sin, sainiúnn rioscaí sonracha, mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun na rioscaí sin a mhaolú agus sannann freagracht as an maolú agus na rialuithe a oibriú; agus
- Is mír fhoirmiúil ar an gclár oibre do chruinnithe míosúla an Choimisiúin é riosca agus is buanmhír ar chlár oibre cruinnithe na Foirne Bainistíochta Sinsearaí é.

Bhunaigh an Coimisiún a Choiste Iniúchta agus Riosca féin in 2022 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht rioscaí agus rialuithe inmheánacha san eagraíocht agus chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le cúrsaí iniúchta, rialachais agus riosca. Tháinig an Coiste le chéile 5 huaire le linn 2023. Tá an Coiste comhdhéanta de thriúr comhaltaí; comhalta amháin ón gCoimisiún agus beirt ar comhaltaí seachtracha neamhspleácha iad, duine díobh mar Chathaoirleach ar an gCoiste. Tá taithí airgeadais ábhartha agus le déanaí ag comhalta amháin den Choiste.

Monatóireacht agus Athbhreithniú

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat rialuithe lena n-áirítear bainistiú faisnéise, nósanna imeachta riaracháin agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Go háirithe, is éard atá i gceist leis sin:

- Buiséadú cuimsitheach a chloínn le buiséad bliantúil a dhéanann an Bhainistíocht Shinsearach athbhreithniú rialta air;
- Tuarascálacha míosúla airgeadais a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Riaracháin lena mbreithniú; agus
- Athbhreithniú rialta ag an gCoimisiún agus ag Seirbhísí Corparáideacha ar fhaisnéis airgeadais;

Tá sásraí bunaithe chun slándáil leordhóthanach a chinntiú maidir le córais Theicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide an Choimisiúin (go himmheánach le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána) agus córais teicneolaíochta cumarsáide.

Teagmhais de Theipeanna Suntasacha Rialaithe

In 2021, rinne GSOC athbhreithniú ar a shamhail Seachadta Seirbhíse TFC. Sainaitníodh ceithre thoradh ardleibhéil san athbhreithniú sin agus rinneadh moltaí ina leith. Tugadh aghaidh ar thrí cinn de na torthaí sin go dtí seo ach tá toradh ardleibhéil amháin fanta. Tá tús curtha ag GSOC leis an bpróiseas chun aghaidh a thabhairt ar an toradh fanta sin i R3 2023 trí sheirbhísí bainistíochta slándála faisnéise a fháil chun aghaidh a thabhairt ar an toradh sin.

Comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí

Tá nósanna imeachta ar bun ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair a chinntiú de réir mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Le linn 2023, chomhlíon Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána na nósanna imeachta sin. Tabhaíodh costais dar luach €19,293 in 2023, áfach, a bhain le soláthar earraí agus seirbhísí in 2017 i ndáil le ceadúnais bhogearraí chun tacú le himscrúdú práinneach ar leith de chineál íogair.

Faomhadh ón gCoimisiún

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar an Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chun comhairle a chur ar an gCoimisiún faoin gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Rinne an tAonad Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar rialúcháin inmheánacha agus bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus Riosca é i mí an Mhárta 2024. Thug sé sin dearbhú réasúnach don Choimisiún maidir le leordhóthanacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá dearbhú réasúnach faighte ag an gCoimisiún gur chóras éifeachtach a bhí sa chóras rialaithe inmheánaigh a tionscnaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 31 2023.



Rory MacCabe, S.C.
Cathaoirleach



Garda
Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

7 FOIRNIÚ

7. FOIRNIÚ

Foirniú agus struchtúr eagrúcháin

De réir alt 71 (3) den Acht, is Státseirbhísigh i Státseirbhís an Stáit iad oifigigh de chuid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Foráiltear le halt 71 (4) den Acht gurb é an Coimisiún Ombudsman an t-údarás cuí (laistigh de bhrí Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956 agus Achtanna Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 go 1996) i leith a chuid oifigeach.

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte (NSSO) svuít seirbhísí AD, bainistithe feidhmíochta, riarachán párolla agus pinsean thar ceann GSOC faoi Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse.


D'earcaigh GSOC 26 bhall foirne nua le linn na bliana, chun folúntais leanúnacha agus roinnt folúntas nua a líonadh. Bhíothas in ann é sin a dhéanamh le cistiú breise do bhaill foirne i réamh-mheastacháin 2023. Bhí próisis earcaíochta ar bun chun roinnt folúntas a líonadh ag deireadh na bliana. Mar sin féin, bhí aistriú foirne ard ann le linn na bliana mar thoradh ar imthosca éagsúla, lenar áiríodh leas á bhaint ag baill foirne as deiseanna faoi shásra soghluaisteachta na státseirbhíse, ardú céime á fháil ag daoine agus daoine eile ag dul ar scor. Dá bharr sin, bhí an líon céanna ball foirne ann leis an mbliain roimhe. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 154 bhall foirne ag GSOC.

Léirítear i gCairt 1 struchtúr eagraíochtúil agus acmhainne foirne GSOC amhail an 31 Nollaig 2023.

Chuir GSOC a bheartas oibre cumaisc do bhaill foirne i bhfeidhm in 2022. Tá GSOC tiomanta do dheiseanna maidir le cianobair agus obair chumaisc a ghlacadh, chun Státseirbhís níos fuinniúla, níos solúbtha agus níos freagrúla a chruthú, fad a chothófar caighdeáin láidre feidhmíochta agus ardleibhéal táirgiúlachta. Creideann GSOC go bhféadfaidh obair chumaisc solúbthacht a mhéadú, sláinte agus folláine a fheabhsú agus cur le cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach.

Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag GSOC dá lucht foirne féin chun nochtaí a dhéanamh faoi Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach faoin mbeartas sin in 2023.

Cairt 1: Struchtúr Eagraíochtúil agus Acmhainní Foirnithe GSOC an 31 Nollaig 2023



Foghlaim agus Forbairt

Bhí ár ngníomhaireachtaí agus nithe inseachadta uile le haghaidh 2023 ailínithe lenár Straitéis Forbartha agus Foghlama 2021-2024. Díritear sa straitéis seo ar an ngá le béim a chur ar fhorbairt na gcumas a theastaíonn ón eagraíocht chun ár bhfís, misean agus torthaí straitéiseacha a bhaint amach. Tá sé d'aidhm againn a chinntiú go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus an taithí ag baill foirne GSOC atá ag teastáil uathu chun feidhmeanna reachtúla GSOC a chomhlíonadh, i gcomhréir le dea-chleachtas. Táimid ag iarraidh na hacmhainneachtaí a thabhairt do GSOC freisin a mbeidh gá leo chun riachtanais na heagraíochta amach anseo a chomhlíonadh.


Bhí infheistiú i bhfoghlaim agus forbairt na mball foirne ina phríomh-thosaíocht do GSOC le linn 2023. Bhaineamar é sin amach trí mheascán d'eispéiris foghlama i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear:

- Eispéiris foghlama sioncronacha (beo) agus aisioncronacha (seimineáir ghréasáin réamhthairfeadta agus ríomhFhoghlaim);

- Deiseanna oideachais fhoirmiúil;
- Meantóireacht neamhfhoirmiúil;
- Freastal ar chomhdháileacha;
- Comhpháirtíocht le comhlachtaí ábhartha um cheartas coiriúil agus um thacaíocht d'íospartaigh; agus
- Eolas a roinnt idir ball foirne.

Sainaithníodh riachtanais foghlama trí anailís a dhéanamh ar leibhéal na heagraíochta. Rinneamar athbhreithniú freisin ar na riachtanais aonair a sainaithníodh trínár gcóras bainistíochta feidhmíochta, ePMDS.

D'fhreastail baill foirne GSOC ar 130 cúrsa oiliúna beo dhifriúla le linn 2023. Ba iad baill foirne GSOC a bhí taithí acu nó soláthraithe seachtracha a chuir na cúrsaí sin ar fáil. Soláthraithe seachtracha faoi bhainistiú Seirbhís Foghlama Chomhroinnte na Státseirbhíse a chuir 45% de na cúrsaí sin ar fáil. Tháinig ardú ar an gcion cúrsaí beo i gcomparáid leis an gcion cúrsaí ar líne arís le linn 2023, i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.



Bhí roinnt de na cúrsaí sin leagtha amach chun cur le croí-scileanna, mar shampla Agallaimh Imscrúdaitheacha, Scileanna Seomra Cúirte agus Sceithreacht. Le cúrsaí eile, tugadh tacaíocht do bhaill foirne GSOC seirbhísí a sheachadadh go héifeachtach i réimsí amhail foréigean baile, rialú comhéigineach, idirchaidreamh le teaghlaigh agus cosaint leanaí. D'eagraíomar cúrsaí freisin chun aird a tharraingt ar fhreagrachtaí ball foirne i réimsí cuir i gcás cibearshlándáil, RGCS agus sláinte & sábháilteacht.

Tá GSOC tiomanta tacú leis an bhfoireann infheistiú ina bhféinforbairt agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Bealach amháin a mbainimid é sin amach is ea an fhoireann a spreagadh chun freastal ar chlár oideachais fhoirmiúil ina gcuid ama féin. Measaimid gur infheistíocht fhiúntach é sin ag GSOC sa duine aonair agus ina ngairm, agus measaimid gur rud é a thugann tairbhí soiléire don duine agus don eagraíocht. Cuireadh an cleachtas sin i bhfeidhm i gcomhréir leis an scéim Aisíocaíochta Táillí dá ndéantar foráil i gCiorclán 23/2007 na Roinne RCPA. Tríd an scéim sin, lean GSOC dár gcumas foriomlán a leathnú agus dár bhfeidhmíocht san áit oibre a fheabhsú. Cuireadh ar a gcumas dár mbaill foirne a

ngairmeacha féin a bhrú chun cinn freisin. I measc na gcúrsaí ar tugadh tacaíocht dóibh le linn 2023 bhí:

- Máistir, Cearta an Duine sa Dlí Coiriúil
- Bainistíocht Acmhainní Daonna, Straitéis agus Cleachtas
- Máistir, Fóiréinsic Fuaime agus Físe
- Diplóma, Dlí Coiriúil agus Cleachtas
- BA, Imscrúduithe Feidhmeacha

Leanamar d'athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a n-éascaímid baill foirne nua a ionduchtú isteach chuig eagraíocht GSOC go héifeachtúil agus go héifeachtach. Ag an am céanna, rinneamar dul chun cinn ar chlár oiliúna creidiúnaithe don fhoireann uile a fhorbairt. Le linn 2023, thugamar sainmhíniú ar ár riachtanais maidir le clár oiliúna creidiúnaithe eagraíochtúil agus chuireamar tús le próiseas soláthair chun soláthraí a fháil le bheith ina chomhpháirtí againn i bhforbairt agus i seachadadh an chlár. Tosaíocht don eagraíocht in 2024 a bheidh i bhforbairt an chlár chreidiúnaithe sin leis an gcomhpháirtí roghnaithe.

8 GEARÁIN

8. GEARÁIN

An chaoi a bhfaigheann agus a n-imscrúdaíonn GSOC gearáin

Leagtar amach in Ailt 83 go 101 den Acht an chaoi a ndéantar gearáin ina líomhnaítear mí-iompar ag an nGarda chuig GSOC. Chun go gceadóidh GSOC gearán caithfidh go mbeidh mí-iompar an Gharda, mar a chreideann tú, bheith imithe i gcion ort go díreach, caithfidh tú bheith i d'fhinné ar an mí-iompar líomhainte nó féadann tú gearán a dhéanamh thar ceann duine eile má tá toiliú faighte agat. Tá roinnt bealaí ann le gearáin a dhéanamh do GSOC, bíodh sé sin foirm ghearáin GSOC1 a chomhlánú ar líne, i scríbhinn, tríd an bpost, via r-phost nó via comhfhreagrás ó stáisiúin na nGardaí.

Inghlacthacht

Measúnaítear gach gearán a fhaigheann GSOC in aghaidh liosta de chritéir arna leagan amach in alt 87 den Acht. Leagtar amach sa liosta seo na critéir nach mór go sásódh gearán iad chun go gceadóidh GSOC é i gcomhair imscrúdaithe. Mura sásaíonn gearán na critéir ní cheadóidh GSOC é agus measfar nach bhfuil sé inghlactha.

Caithfidh gearán na critéir seo a leanas a shásamh chun go ndéanfar é a imscrúdú:

- Caithfidh go mbeidh sé déanta ag (nó, i dtosca áirithe, thar ceann) duine a bhfuil an iompraíocht is ábhar don ghearán imithe i gcion go díreach air, nó atá mar fhinné air;
- Caithfidh go mbainfidh sé le hiompraíocht ag comhalta den Gharda Síochána a bheadh ina chion coiriúil nó ina shárú ar araíonacht an Gharda dá gcruthófaí gur tharla sé;
- Caithfear é a dhéanamh laistigh de bhliain amháin tar éis an teagmhais is ábhar don ghearán;
- Ní ceadaithe dó bheith suaibhreosach ná cráiteach;

- Ní ceadaithe dó bheith bainteach le stiúradh agus rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir na nGardaí;
- Ní ceadaithe dó bheith bainteach le hiompraíocht comhaltaí den Gharda Síochána nuair nach raibh an comhalta ar dualgas, mura rud é go dtarraingeodh an t-iompar a líomhnaítear, dá gcruthófaí gur tharla sé, míchlú ar an nGarda Síochána.

Cineálacha Gearán

Araíonacht

Imscrúdaítear gearáin a fhaigheann GSOC a bhaineann le sárúithe líomhainte araíonachta faoi alt 94 nó 95 den Acht. Faoi reachtaíocht reatha, féadtar sárúithe araíonachta a imscrúdú i gceann amháin de na bealaí seo:

- **Imscrúduithe gan Mhaoirseacht** tarchuirtear don Gharda Síochána iad lena n-imscrúdú agus is é an tOifigeach Sinsearach Imscrúdaithe (GSIO) mar atá leagtha amach san Acht a bhainistíonn iad. Caithfidh na himscrúduithe seo bheith tugtha chun críche laistigh de scála ama 16-sheachtain. Bíonn imscrúduithe gan mhaoirseacht faoi réir ag sásraí athbhreithnithe má bhíonn an gearánach míshásta leis an toradh. Féadann tú iarraidh a dhéanamh an t-imscrúdú a athbhreithniú faoi alt 94(10) den Acht.
- **Imscrúduithe faoi Mhaoirseacht** stiúránn comhalta ag céim Ceanntoirt iad agus maoirsíonn GSOC iad. Caithfidh na himscrúduithe seo bheith tugtha chun críche laistigh de scála ama 20 seachtain.
- **Imscrúduithe araíonachta faoi stiúir GSOC**, a dhéanann imscrúdaitheoirí GSOC féin. Is minic a thagann imscrúduithe dá leithéid sin chun cinn nuair a shaináithnítear ceisteanna araíonachta nó ceisteanna córasacha beartais le linn imscrúdaithe choiriúil, agus gur gá na ceisteanna sin a fhiosrú go leithleach. Déileáiltear leo seo faoi alt 95 den Acht.

Áirítear ar na cás-staidéir sna rannáin seo a leanas samplaí de roinnt imscrúduithe araíonachta.

Coiriúil

Imscrúdaíonn imscrúdaitheoirí de chuid GSOC gearáin ar bith a mbíonn líomhaintí de chineál coiriúil in aghaidh Gardaí i gceist leo. Déantar imscrúduithe den saghas seo faoi alt 98 den Acht. Agus iad ag stiúradh imscrúduithe coiriúla, bíonn lánchumhachtaí póilíneachta ag imscrúdaitheoirí GSOC, ar aon chéim leis na cumhachtaí, díolúintí agus pribhléidí ar fad atá bronnata, agus na dualgais ar fad atá leagtha, ar chomhaltaí den Gharda Síochána.

Áirítear ar na cás-staidéir sna rannáin seo a leanas samplaí de roinnt imscrúduithe coiriúla.

Ár dTionscnamh Idirghabhála Áitiúla

Cuireadh tús leis an Tionscnamh Idirghabhála Áitiúla ar bhonn póilótach in 2018, agus is cuid lárnach anois é den chaoi ina láimhseálaimid gearáin. Tá sé mar aidhm aige mionghearáin ag leibhéal seirbhíse a réiteach ag leibhéal áitiúil, gan gá le himscrúdú foirmiúil. Is gnách go mbaineann gearáin dá leithéid le líomhaintí faoi mhíchúirtéis nó teipeanna a mbeadh leibhéal níos ísle faillí sa dualgas i gceist leo. Faoi bpróiseas seo, déanann cigirí ainmnithe den Gharda teagmháil le gearánaigh a bhfuil sé curtha in iúl acu gur mian leo gabháil leis an tionscnamh, agus iarracht a dhéanamh an scéal a réiteach trí idirphlé. Bíonn an fócas ar an bhfadhb a réiteach seachas milleán a leagan.

Más rud é nach n-éiríonn leis an idirghabháil, filleann an gearánach ar GSOC, agus measúnaítear i gcomhair inghlacthachta é.

Lainseáladh an tionscnamh chun an t-am a thógtar chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin a laghdú, trí chásanna a shainaithint nach mbeadh sé chun tairbhe don ghearánach imscrúdú a lainseáil faoi alt

94 den Acht, agus go mbeadh sé mar chur amú gan gá i leith acmhainní GSOC agus an Gharda.

Tá rannpháirtíocht mhaith ag an nGarda Síochána san Idirghabháil Áitiúil agus tá tionchar maith aige ar Ghardaí, ar GSOC agus ar ghearánaigh le chéile, mar gheall go gcuireann sé bealaí níos éifeachtaí ar fáil chun dul i ngleic le gearáin ag leibhéal na seirbhíse. Chun briseadh síos a fháil ar thorthaí agus tionchar ár dtionscnaimh idirghabhála áitiúil in 2021, mar aon le roinnt cás-staidéar, féach rannán 12.

Príomhfhiricí agus figiúirí maidir le gearáin in 2023

An Lion Fiosrúchán

Is é Aonad Cásoibre GSOC a láimhseálann fiosrúcháin agus gearáin sa chéad ásc.

In 2023, phléigh cásoibrithe le **3,765** fhiosrúchán. Ar dtús, osclaítear gach teagmháil ar ár gcóras mar 'fiosrúchán', go dtí go mbíonn dóthain eolais againn chun é a uasghrádú go dtí gearán agus a mheasúnú i gcomhair inghlacthachta.

Fuair GSOC **2,733** ghlao chuig an uimhir íosghlao le linn 2023. Ba mhéadú 3% é sin ar an líon glaonna a fuarthas in 2021 (2,654). Freagraíodh tuairim is **97 faoi gcéad** de na glaonna laistigh de 60 soicind.


In 2023, chas cásoibrithe le **45** duine inár n-oifig phoiblí. Rinneadh 34 idirghníomhú san oifig phoiblí in 2022.

An Líon Gearán

Osclaíodh **1,577** ngearán in 2023, laghdú 14% ar an líon a osclaíodh in 2022 (1,826). Féadann níos mó ná líomhain amháin bheith i gceist le gearán, agus bhí 3,358 líomhain ar leithligh sna 1,577 ngearán a fuarthas in 2023.

Ba iad na himthosca ba mhó as a d'eascair gearáin in 2022 ná 'seirbhís do chustaiméirí' (25%) agus iompar Gardaí le linn dóibh daoine a ghabháil agus imscrúduithe a dhéanamh (14% an ceann).


Cairt 2: Dálaí na ngearán a fuarthas (líon iomlán gearán: 1,577)




Scaipeadh Geografach na nGearán agus na Líomhaintí

Léirítear leis na léarscáileanna thall scaipeadh geografach na ngearán agus na líomhaintí a rinneadh in aghaidh Gardaí in 2023. Léiríonn siad na líomhaintí ar fad, iad siúd a cinneadh go raibh siad inghlactha, iad siúd a cinneadh nach raibh siad inghlactha, agus iad siúd nach raibh cinntí inghlacthachta déanta fúthu faoi 31 Nollaig 2023. Fágтар as an áireamh 58 líomhain nach raibh rannáin Garda bunaithe dóibh faoi dheireadh na bliana.

Mapa 1: Líomhaintí de réir Rannáin Garda (gan Réigiún Cathrach BÁC san áireamh)



Mapa 2: Líomhaintí de réir Rannáin Garda - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)




I Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhí an líon líomhaintí ba mhó a taifeadadh in aghaidh na nGardaí (RCBÁC). Bheifí ag súil leis sin i bhfianaise an dlúthdhaonra agus an leibhéal gníomhaíochta póilíneachta sa phríomhchathair. Laistigh de RCBÁC, bhí na líonta ba mhó i RCBÁC Thuaidh; **302** líomhain, agus RCBÁC Thiar; **298** líomhain. In 2022, ba ag RCBÁC Thuaidh agus RCBÁC Theas Láir a bhí an líon ab airde líomhaintí.

Lasmuigh de RCBÁC, ab iad Cathair Chorcaí (**227**) agus Cill Dara (**125**) na rannáin ina ndearnadh an líon ab airde líomhaintí in aghaidh Gardaí in 2023. Is i gCathair Chorcaí agus i Lú a bhí an líon ab airde líomhaintí lasmuigh de RCBÁC in 2023.

Na rudaí a ndéanann daoine gearán fúthu

Tugtar miondealú ar na cineálacha líomhaintí a rinneadh in 2023 sa chairt thíos.

Cairt 3: Cineálacha líomhaintí i ngearáin inghlactha (líon iomlán líomhaintí: 2,660)




Áirítear i measc na nithe coitianta a ndéanann daoine gearán fúthu chuig GSOC:

- **Mí-úsáid Údaráis** – Is iad úsáid iomarcach fornirt, nó ordú rud éigin a dhéanamh a chreideann an gearánach nach raibh sé d’údarás ag an nGarda a ordú na príomhchineálacha líomhaintí arna gcatagóirí mar ‘mhí-úsáid údaráis’.
- **Faillí sa Dualgas** – líomhaintí nár ghlac Garda beart a mbeifí ag súil go réasúnta leis – amhail glaoch ar ais ar dhuine ar thaobh amháin den scála, go dtí gan imscrúdú ceart a dhéanamh faoi choir thromchúiseach a líomhnaíodh ar an taobh eile; is samplaí iad sin de ‘faillí sa dualgas’.
- **Míchúirtéis** – gearáin maidir leis an gcaoi a labhair Garda le duine nó ar chaith Garda le duine.
- **Cionta Neamh-mharfacha** – Líomhaintí iad seo faoi chion coiriúil arna liostú san Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus áirítear orthu, mar shampla, ionsaí.


Cinntí faoi Inghlacthacht

In 2023, fuarthas líon iomlán de **1,577** ngearán, mar measadh go raibh 962 (61 faoin gcéad) inghlactha (líomhain inghlactha amháin ar a laghad iontu). Measadh go raibh líon iomlán de 609 (39 faoin gcéad) neamh-ingleactha.

Cairt 4: Inghlacthacht Gearán (líon iomlán gearán: 1,577)




Cairt 5: Imscrúduithe a osclaíodh de réir cineáil (líon iomlán gearán ar glacadh leo lena n-imscrúdú: 962)



Cinntí faoi Inghlacthacht

Measadh na **609** ngearán ina raibh 634 líomhain a bheith neamh-inghlactha in 2023 ar na cúiseanna a leagtar amach sa chart thíos.

Cairt 6: Cúiseanna le neamh-inghlacthacht líomhaintí i ngearáin neamh-inghlactha (líomhaintí neamh-inghlactha 610)



Ba é an chúis ba choitianta le cinneadh neamh-inghlacthachta – ábhartha i **609** nó 39 faoin gcéad de na líomhaintí neamh-inghlactha – má nach coir ná sárú ar na Rialacháin Araíonachta a bheadh san iompraíocht líomhainte, fiú dá gcruthófaí gur tharla sé.

An dara cúis ba choitianta nár ceadaíodh gearán a imscrúdú ná gur tháinig an líomhain/na líomhaintí lasmuigh den teorainn ama 12-mhí a leagtar amach sa reachtaíocht. In 2023, cinneadh go raibh **67** líomhain, nó 11% díobh, neamh-inghlactha ar an gcúis sin. Bíodh is go bhfuil discríd ag GSOC gearáin a cheadú lasmuigh den tréimhse shainithe ama, tá fáth praiticiúil ann le go mbeadh teorainn ama ann i bhformhór na gcásanna: dá mhéid ama atá imithe thart idir an teagmhas agus an gearán, is ea is deacra atá sé imscrúdú éifeachtach a stiúradh, rud lena mbaineann fianaise a chaomhnú, finnéithe féideartha a aimsiú agus ráitis cruinne a fháil.

9

IMSCRÚDUITHE DE BHUN GEARÁN: TORTHAÍ IN 2023

9. IMSCRÚDUI THE DE BHUN GEARÁN: TORTHÁÍ IN 2023

Forléargas ar thorthaí imscrúduithe 2023

In 2023, dúnadh 1,755 ghearán ina raibh 4,156 líomhain. Cé gur léirigh sin laghdú 23.7% ar an líon gearán a dúnadh, bhí an líon líomhaintí in aghaidh an ghearáin an-ard, rud a d'fhág an ráta éifeachtach dúnta mar an gcéanna nach beag leis an ráta in 2022.

Astu sin, dúnadh 1,135 ghearán ina raibh 3,501 líomhain tar éis glacadh leo agus iad a imscrúdú. Dúnadh an chuid eile tar éis é bheith cinnte go raibh siad neamh-inghlactha, nó dúnadh iad nuair nár ghlac an gearánach páirt ann.

Cé go raibh líomhain inghlactha amháin nó níos mó i ngach ceann de na 1,135 sin, bhí 113 de na líomhaintí a bhí iontu neamh-inghlactha, agus mar sin níor imscrúdaíodh iad. Ar an iomlán, rinneadh imscrúdú ar 3,394 líomhain agus tá tuairisc ar na torthaí i dTábla D.

Tábla D: Torthaí ar ghearáin a dúnadh in 2023

Toradh/ Fáth	Míniú	An cineál imscrúdaithe a bhí i gceist	An líon líomhaintí
Scortha – Gan gá le tuilleadh imscrúdaithe nó gan é a bheith praiticiúil go réasúnta	An cás is coitianta anseo ná go scoirtear imscrúdú mar nach bhfuil aon fhi-anaise neamhspleách ann chun líomhain a chruthú.	Gach cineál	2,165
Gan aon sárú ar na Rialacháin Araíonachta sainaitheanta	Rinneadh imscrúdú ar na líomhaintí agus cinneadh maidir leis an nGarda a ndearnadh gearán faoina (h)iompraíocht, gur ghníomhaigh sé/sí i gceart.	Imscrúdú araíonachta ag an nGarda Síochána (a.94 ¹) nó ag GSOC (a.95)	426
Líomhain tarraingthe siar	Thug an duine a rinne an gearán le fios nach raibh sé/sí chun leanúint ar aghaidh leis.	Gach cineál	306
Gan comhoibriú ón ngearánach	Níor ghlac an gearánach páirt san imscrúdú.	Gach cineál	43

Sárú ar na Rialacháin Araíonachta agus smachtbhanna forchurtha	Féadtar raon smachtbhannaí a fhorchur ag brath ar thromchúis an tsáraithe a cinneadh (feic Tábla E). Is gnó do Choimisinéir na nGardaí agus dósan amháin é an sárú ar leith agus smachtbhanna ar bith atá le forchur a shainaithint faoi na Rialacháin Araíonachta.	Imscrúdú araíonachta ag an nGarda Síochána (a.94) nó ag GSOC (a.95)	81
Níor sainaithníodh aon mhí-iompar tar éis imscrúdaithe choiriúil	An cás is coitianta anseo ná nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann chun an líomhain/na líomhaintí a chruthú.	Imscrúdú choiriúil ag GSOC (a.98)	318
Níl feidhm a thuilleadh ag Rialacháin Araíonachta an Gharda	An Garda is ábhar don imscrúdú araíonachta bheith scortha nó éirithe as roimh an imscrúdú nó lena linn.	Imscrúdú araíonachta ag an nGarda Síochána (a.94) nó ag GSOC (a.95)	8
Tarchurtha chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí - Níor Ordaíodh aon Ionchúiseamh	Má bhíonn fianaise ann, tar éis imscrúdaithe choiriúil, gur féidir go ndearnadh cion, tarchuirtear an cás go dí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a chinneann ionchúiseamh a dhéanamh nó gan a dhéanamh. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Coimisiún Ombudsman cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun trédhearcacht iomlán agus muinín an phobail a chinntiú. (Féach tuilleadh mionsonraí i gCuid5)	Imscrúdú choiriúil ag GSOC (a.98)	22
Tarchurtha chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí – Ordaíodh Ionchúiseamh	Mar a luaitear thuas, féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar an bhfianaise, chun ionchúiseamh a ordú agus cuirfear tús le triail (tuilleadh mionsonraí i gCuid 13).	Imscrúdú choiriúil ag GSOC (a.98)	5
Eile	Dúnadh ar chúiseanna nós imeachta eile	Gach cineál	20
Torthaí Iomlána			3,394

Athbhreithnithe ar imscrúduithe araíonachta

Más rud é go bhfuil gearánach míshásta le toradh imscrúdaithe gan mhaoirseacht a bheidh tugtha faoi ag Ceannfort an Gharda Síochána, foráiltear le halt 94(10) den Acht go bhféadann sé/sí a iarraidh go ndéanfaidh oifigeach de chuid GSOC an ní a athbhreithniú. Sna hathbhreithnithe seo, is é ról GSOC ná a chinneadh an raibh an t-imscrúdú cuimsitheach go leor agus an raibh an toradh iomchuí.

Níl sé de chumhacht ag GSOC cinneadh nua a chur in ionad an chinnidh nó an toraidh. Cuireann GSOC tuarascáil ar fáil do Coimisinéir an Gharda Síochána i gcás ina raibh imní ann faoin gcaoi inar stiúradh an t-imscrúdú agus/nó faoina thoradh. Ós rud é go mbíonn an próiseas araíonachta curtha i gcrích cheana sna cásanna seo, ní féidir an cas a athoscailt nó an toradh a bhí air a athrú. Táthar ag súil go rannchuideoidh aon aiseolas le laghdú a chur ar mhinicíocht aon saincheisteanna comhchosúla in imscrúduithe eile.

Smachtbhannaí a forchuireadh

Más rud é, tar éis imscrúdaithe ag an nGarda Síochána faoi alt 94 (faoi mhaoirseacht nó gan mhaoirseacht) nó tar éis imscrúduithe araíonachta faoi stiúir GSOC faoi alt 95, go bhfaightear fianaise gur féidir gur sháraigh Garda na Rialacháin Araíonachta, is gnó do bhainistíocht an Gharda é a chinneadh an raibh sárú ann nó nach raibh, agus is faoi Choimisinéir na nGardaí amháin atá sé cinneadh a dhéanamh faoi smachtbhannaí a cur i bhfeidhm. Tá na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm in 2023, tar éis cinntí faoi shárú araíonachta, leagtha amach i dTábla E.

Tábla E: Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i bhfeidhm in 2023, i ndiaidh imscrúduithe araíonachta

Toradh	Líon Líomhaintí
Comhairle	48
Fíneáil forchurtha	5
Rabhadh	3
Foláireamh	8
Iomardú	4
Laghdú ar phá nár mhó ná 2 sheachtain pá	6
Laghdú ar phá nár mhó ná 4 sheachtain pá	1
Rialachán 10 - Comhairle	5
Rialachán 10 - Rabhadh	1
IOMLÁN NA SMACHTBHANNAÍ	81

I dteannta leis na torthaí thuas, ar chinntí maidir le hiompraíocht Gardaí aonair iad, fuarthas le cuid de na himscrúduithe araíonachta cásanna inar féidir gur tháinig an fhadhb chun cinn mar gheall ar shaincheist chórasach nó bainistíochta seachas iompraíocht duine aonair. D’fhonn gearáin den saghas sin a laghdú nó deireadh a chur leo amach anseo, cuireadh líon áirithe moltaí maidir le beartais agus/nó cleachtais chuig Coimisinéir an Gharda Síochána – féach Caibidil 14 chun mionsonraí a fháil.

Fad Ama a Glacadh chun
Imscrúduithe a Dhúnadh

Imscrúduithe Coiriúla

Faoi dheireadh 2023, ba **224** lá a bhí san fhad airmheánach ama a glacadh chun imscrúduithe coiriúla a dhúnadh, laghdú 142 lá ar an bhfigiúr do 2022, 366.

Imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht agus gan mhaoirseacht

Is iad Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána a thugann faoi imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht (GSIOanna). De réir na bPrótacal idir an Garda Síochána agus GSOC ní mór go mbeadh imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht tugtha chun críche agus tuarascáil imscrúdaithe curtha ar fáil laistigh de 16 sheachtain/114 lá. Ba é fad airmheánach ama imscrúduithe dá leithéid faoi dheireadh 2022 ná **218** lá, laghdú 32 lá ar an bhfigiúr do 2022, 250.

Is iad Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána arna maoirsiú ag oifigigh imscrúdaithe GSOC a thugann faoi imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht. De réir na bPrótacal idir an Garda Síochána agus GSOC ní mór go mbeadh imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht tugtha chun críche agus tuarascáil imscrúdaithe curtha ar fáil laistigh de 20 seachtain/ 140 lá. Ba é fad airmheánach ama imscrúduithe dá leithéid **315**, laghdú 21 lá ar an bhfigiúr do 2022, 336.


Imscrúduithe araíonachta faoi stiúir GSOC

Féadann imscrúdaitheoirí GSOC féin, faoi alt 95 den Acht, tabhairt faoi imscrúduithe neamh-choiriúla. Ba é fad airmheánach ama imscrúduithe dá leithéid ná **220** lá, laghdú 100 lá ar an bhfigiúr do 2022, 320.

Tábla F: Fad Airmheánach Ama chun Imscrúduithe a Dhúnadh

	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023
Imscrúduithe coiriúla (a.98)	99	115	147	140	162	311	366	224
Imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a94(1))	266	256	268	279	244	199	250	218
Imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a94(5))	250	273	281	332	289	288	336	315
Imscrúduithe araíonachta faoi stiúir GSOC (a.95)	260	203	253	290	265	265	320	220

Cairt 7: Fad Airmheánach Ama a Glacadh chun Imscrúduithe a Chur i gCrích (laethanta)



Imscrúduithe de Bhun Gearán: Cás-staidéir in 2023

Imscrúduithe de bhun gearán: samplaí ar gearradh smachtbhannaí ina leith

CÁS-STADÉAR 1

Líomhain duine gur theip ar Ghardaí iad féin a chur in aithne nuair a bhí siad ag déanamh iarrachta dul isteach in áit chónaithe an duine sin agus iad sa tóir ar dhuine a cheap siad gur amhrastach a bhí ann. Líomhnaíodh freisin gur úsáideadh forneart iomarcach. Cuireadh tús le himscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht faoi a.94(1) den Acht. Ceapadh Ceannfort den Gharda Síochána mar Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO), duine a cheap Cigire de chuid an Gharda Síochána ansin chun cuidiú leis an imscrúdú. Sainaithníodh triúr comhaltaí den Gharda Síochána le linn an imscrúdaithe. Fuarthas gur sháraigh comhalta amháin Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána as gan é féin a chur in aithne mar Gharda le linn na teagmhála. Fuarthas nár úsáid an comhalta sin forneart iomarcach, ós rud é go raibh sé ag gníomhú i gcomhréir lena chumhachtaí dleathacha faoin Acht um an Dlí Coiriúil 1997. Fuarthas nár sháraigh an bheirt chomhaltaí eile na Rialacháin Araíonachta, mar gheall nach raibh siad páirteach go gníomhach sa teagmhas.

CÁS-STADÉAR 2

Líomhain an gearánach gur theip ar chomhalta damáiste tuairiscithe dá fheithicil a imscrúdú go tráthúil. Cuireadh tús le himscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht faoi a.94(1) den Acht. Ceapadh Ceannfort den Gharda Síochána mar Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) agus ceapadh Cigire de chuid an Gharda Síochána chun cuidiú leis an imscrúdú agus chun fiosrúcháin riachtanacha a dhéanamh. Sainaithníodh comhalta amháin le linn an imscrúdaithe. Suíodh leis an imscrúdú gur cuireadh moill ar bheart leantach a dhéanamh, rud ba chúis leis an teip fianaise TCI den teagmhas a aimsiú. Ghlac an comhalta freagracht as sin láithreach, ghabh siad a leithscéal agus ghlac siad leis an toradh Failí sa Dualgas. Cuireadh an smachtbhanna comhairle i bhfeidhm.

CÁS-STAIDÉAR 3

Gnáth-rothaí ab ea an gearánach a raibh ceamara clogaid in úsáid acu agus iad ag taisteal ar a rothar. Líomhain siad go bhfaca siad roinnt mhaith teagmhas ina raibh tiománaithe ag úsáid fón póca nó ag páirceáil go neamhdhleathach agus gur thuairiscigh siad roinnt mhaith teagmhas den sórt sin trí bheolíne faire tráchta an Gharda Síochána. Dúirt an gearánach gur thug siad ráiteas agus físeán de theagmhas amháin den sórt sin do chomhalta. Ina dhiaidh sin, chuir an comhalta den Gharda Síochána in iúl don ghearánach gur taispeánadh san fhíseán sin go ndeachaigh sé féin thar sholas dearg ar a rothar agus go rabhthas chun fógra um pionós socraithe a eisiúint dó. D'fhiafraigh an gearánach den chomhalta, maidir leis na tiománaithe san fhíseán céanna a raibh an chuma air go raibh cionta tráchta á ndéanamh acu, an rabhthas chun iad a ionchúiseamh. Líomhain an gearánach gur moladh dóibh a gceisteanna a chur isteach i scríbhinn. Rinne siad amhlaidh, ach ní bhfuair siad freagra ná aitheantas. Cuireadh tús le himscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána faoi a.94(1) den Acht. Fuarthas san imscrúdú gur sháraigh an comhalta na rialacháin araíonachta (Faillí sa Dualgas) as gan freagra a thabhairt ar chomhfhreagras gan chúis leordhóthanach. Cuireadh an smachtbhanna comhairle i bhfeidhm. Rinne an comhalta achomharc i gcoinne an toraidh sin chuig Ard-Cheannfort den Gharda Síochána, a neamhnigh an toradh agus a rialaigh go raibh sé díréireach.

CÁS-STAIDÉAR 4

Bhí fadhb ag an ngearánach leis an gcaoi ar iompair comhalta den Gharda Síochána iad féin le linn ghlao gutháin i ndáil le teagmhas a thuairiscigh siad. Chuaigh an gearánach chuig an stáisiún Gardaí le duine dá dteaghlach chun an fhadhb a bhí acu leis an gcomhalta le linn an ghlao a thuairisciú. Líomhain siad gur chaith an comhalta go míchúirtéiseach agus go bagrach leo le linn an chaidrimh sa stáisiún Gardaí. Cuireadh tús le himscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána faoi a.94(1) den Acht. Suíodh leis an imscrúdú nár sheas taifid fóin phóca agus CTI den teagmhas le cuntas an ghearánaigh ar ar tharla, ach dhearbhaigh siad cuntas an chomhalta den Gharda Síochána. Mar sin féin, fuarthas san imscrúdú go ndearna an Garda faillí ina dhualgas ós rud é gur theip air an chéad tuairisc a thug an gearánach ar an teagmhas a thaifeadadh agus beart leantach a dhéanamh ina leith. Cuireadh an smachtbhanna comhairle i bhfeidhm.

CÁS-STAIDÉAR 5

Líomhain duine go ndeachaigh comhalta den Gharda Síochána a raibh feithicil phríobháideach á tiomáint acu tharstu ar bhealach contúirteach agus iad ag taisteal ar a rothar, sular shainaithin siad iad féin mar Gharda, agus gur labhair siad leo go míchúirtéiseach agus go bagrach. Bhí ceamaraí feistithe ag an ngearánach ar na taobhanna tosaigh agus cúil den rothar. D'oscail GSOC imscrúdú coiriúil faoi a.98 den Acht. Suíodh leis an imscrúdú go raibh sárú féideartha ar na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre ann agus ullmhaíodh comhad don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nach ndéanfaí ionchúiseamh. D'oscail GSOC imscrúdú araíonachta faoi a.95 den Acht, agus shainaithin roinnt sárúithe féideartha ar Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána. Cuireadh tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, agus cuireadh an t-ábhar faoi bhráid oifigigh bhreithiúnachta de chuid an Gharda Síochána. Fuarthas gur sháraigh an comhalta den Gharda Síochána Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána as Míchúirtéis, Mí-úsáid Údaráis agus lompár Míchlúiteach. Fuair an comhalta den Gharda Síochána laghdú pá sealadach.

CÁS-STAIDÉAR 6

Rinne GSOC imscrúdú ar líomhain maidir le héigniú a rinne gearánach. Baineadh úsáid as fianaise fhóiréinseach, cuardach láithreacha, ráitis ó fhinnéithe agus cíoradh CTI san imscrúdú. Tharraing an gearánach an gearán siar ach sainaithníodh caidreamh gnéis míchuí idir comhalta den Gharda Síochána agus íospartach foréigin bhaile leis an bhfianaise a fuair GSOC le linn an imscrúdaithe. D'oscail GSOC imscrúdú araíonachta faoi a.95 den Acht ina dhiaidh sin, agus chuir siad tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána. Tionóladh Bord Fiosrúcháin de chuid an Gharda Síochána agus fuarthas gur sháraigh an comhalta rialacháin araíonachta agus cuireadh smachtbhanna ar an gcomhalta.

CÁS-STAIDÉAR 7

Líomhain an gearánach gur theip ar an nGarda Síochána líomhaintí a rinne siad maidir le hionsaí baile a imscrúdú i gceart. D’oscail GSOC an cás mar imscrúdú faoi mhaoirseacht faoi a.95(5) den acht. Ceannfort den Gharda Síochána a stiúir an cás agus Oifigeach Ainmnithe de chuid GSOC a rinne formhaoirseacht air. Ar an imscrúdú a thabhairt chun críche, rinne GSOC tuarascáil agus cuireadh ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána í lena cinneadh. Fuarthas gur sháraigh an comhalta rialacháin araíonachta an Gharda Síochána le dhá chúiseamh as Faillí sa Dualgas. Cuireadh smachtbhanna ar an gcomhalta trí chomhairle agus foláireamh.

Imscrúduithe de bhun gearán: samplaí de chásanna a dúnadh de bharr easpa fianaise, easpa rannpháirtíochta, gearáin a aistarraingíodh siar, nó toradh nach raibh mí-iompar i gceist

CÁS-STAIDÉAR 8

Líomhain duine go raibh sé ag taisteal ar dhébhealach nuair a chuaigh feithicil de chuid an Gharda Síochána thairis, feithicil a chreid sé a bhí ag taisteal ar luas os cionn 100km/uair. Dúirt an gearánach freisin go bhfaca sé an feithicil de chuid an Gharda Síochána ag tiomáint an-ghar d’fheithiclí eile go contúirteach sular imigh sí den débhealach. D’oscail GSOC imscrúdú coiriúil faoi a.98 den Acht. Sainaithníodh an comhalta den Gharda Síochána a bhí ag tiomáint na feithicle agus cuireadh faoi agallamh é i ndiaidh foláireamh a thabhairt dó. Lena linn, shéan sé gur thiomáin sé ar bhealach míchúramach nó ró-thapa. Níorbh ann d’aon fhianaise CTI ná finné neamhspleách maidir leis an líomhain agus ní raibh luasmhéadar an ghearánaigh, trínar mheas sé luas feithicil an Gharda Síochána, calabraithe. De bharr nárbh ann d’aon fhianaise chun comhthacú leis na líomhaintí a rinneadh, dúnadh an cás.

CÁS-STAIDÉAR 9

Líomhain gearánach gur tógadh roinnt míle euro in airgead tirim óna áit chónaithe le linn cuardaigh ag an nGarda Síochána. Dhearbhaigh an Garda Síochána gur urghabhadh suim áirithe airgid faoi bharántas cuardaigh, ach dealraíodh go raibh difríocht de roinnt míle euro idir an tsuim a urghabhadh faoin mbarántas agus an tsuim iomlán a líomhain an gearánach a tógadh. D'oscail GSOC imscrúdú coiriúil faoi a.98 den Acht. Sainaithníodh leis an imscrúdú go ndearna Gardaí an cuardach de bhun barántas cuardaigh a fuarthas go dleathach.

Sainaithníodh an comhalta den Gharda Síochána a d'urghabh an t-airgead agus cuireadh faoi agallamh é i ndiaidh foláireamh a thabhairt dó. Dúirt sé gurbh ionann an tsuim a urghabhadh agus an méid iomlán airgid a aimsíodh sa chuardach. Rinneadh an t-airgead sin a chomhaireamh i láthair chomhalta eile den Gharda Síochána agus síníodh iontráil i leabhar nótaí chun an cruinneas ina leith a dhearbhu. Chomhlíon na gníomhartha sin an Treoir ábhartha ón nGarda Síochána maidir le nósanna imeachta chun airgead a láimhseáil. Rinneadh an t-airgead a shéalú i mála fianaise nárbh fhéidir a oscailt. Níorbh ann d'aon fhianaise chun comhthacú le líomhaintí an ghearánaigh agus dúnadh an cás.

CÁS-STAIDÉAR 10

Tháinig duine a ghabh an Garda Síochána chun cinn sé mhí i ndiaidh na gabhála. Líomhain siad gur úsáid Gardaí forneart iomarcach ina gcoinne le linn na gabhála. Áiríodh leis sin líomhain gur úsáid Gardaí an ghabháil mar dheis ad hoc chun a thaispeáint do phromhóirí an Gharda Síochána an chaoi a bhféadfaí glais lámh a úsáid agus duine ag cur i gcoinne gabhála. Thuairiscigh an gearánach gur tugadh deis do gach promhóir a bhí i láthair glais lámh a chur orthu agus go ndearnadh díobháil dóibh dá bharr sin. Líomhain siad freisin go raibh na Gardaí drochmheasúil.

D'oscail GSOC imscrúdú coiriúil faoi a.98 den Acht. Lorg imscrúdaitheoirí GSOC CTI ón áitreabh ina ndearnadh an ghabháil. Ní raibh aon scannánaíocht CTI ar fáil, áfach, mar gheall ar an bhfad ama ó gabhadh an gearánach. Thóg imscrúdaitheoirí GSOC ráitis ó bhaill foirne ag an áit inar tharla an ghabháil agus thit sé amach ansin go raibh na baill foirne ag úsáid ceamara colainne ar bhonn trialach. D'íosládáil GSOC an ceamara colainne i dtimpeallacht rialaithe le cúnamh ón soláthraí ceamara. Níor thacaigh an scannánaíocht leis na líomhaintí a rinne an gearánach, ná leis an bhfianaise liachta a chuir an gearánach ar fáil. Dhún GSOC an cás. Cé gur bhaill foirne ag áitreabh a bhailigh an scannánaíocht le ceamara colainne sa chás seo, léirítear an luach a d'fhéadfadh a bheith ag scannánaíocht le ceamara colainne mar fhianaise in imscrúduithe amach anseo, nuair a thósóidh Gardaí ag caitheamh ceamaraí colainne sa bhliain amach romhainn mar atá beartaithe ag an nGarda Síochána.

CÁS-STAIDÉAR 11

Rinneadh gearán a d'eascair as teagmhas inar thug roinnt custaiméirí i dteach tábhairne aghaidh ar Gharda nach raibh ar dualgas. Líomhain an gearánach go ndearna Garda ionsaí fisiciúil orthu agus gur thug drochíde ó bhéal dóibh. D'oscail GSOC imscrúdú coiriúil faoi a.98 den Acht. Thóg imscrúdaitheoirí GSOC ráitis ó na bail foirne a bhí ar dualgas ag an am agus ó fhinnéithe, agus bhreathnaigh siad ar scannánaíocht CTI den teagmhas. Suíodh le fiosrúcháin gur tharla achrann idir an Garda nach raibh ar dualgas agus roinnt daoine den phobal. Bhí focail eatarthu, chomh maith le hachrann fisiciúil. Thug fiosrúcháin le fios freisin gur dhócha go raibh roinnt custaiméirí ionsaitheach i dtreo an Gharda agus gur tharla an t-achrann fisiciúil nuair a rinne sé iarracht imeacht ón áitreabh. Thug GSOC imscrúdú coiriúil ar an gcás chun críche agus tháinig siad ar an gconclúid nach raibh go leor fianaise ann chun seasamh leis na líomhaintí a bhí déanta.

CÁS-STAIDÉAR 12

Líomhain duine go ndearna Gardaí faillí sa dualgas as barántas cuardaigh a sheirbheáil go mícheart ag an n-áit chónaithe, seachas ag an áit chónaithe dá raibh foráil déanta sa bharántas. Cuireadh tús le himscrúdú araíonacha gan mhaoirseacht faoi a.94(1) den Acht, agus ceapadh Ceanntfort den Gharda Síochána mar an Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO). Le linn an imscrúdaithe dearbhaíodh gur seirbheáladh barántas ar an áitreabh mícheart trí earráid. Thángthas ar an gconclúid, áfach, gur seirbheáladh an barántas de mheon macánta agus gur fíor-earráid a bhí ann, sna himthosca, agus nár léiríodh mímhacántacht ná faillí. Chinn an GSIO nár sáraíodh araíonacht dá bharr sin.

CÁS-STAIDÉAR 13

Rinne duine gearán maidir le Faillí sa Dualgas ag Garda i ndiaidh dóibh duine a raibh scian acu a ghabháil. Fuair an gearánach miondíobháil ón scian i ndiaidh na gabhála, nuair a bhí an scian i seilbh chomhalta den Gharda Síochána. Líomhain an gearánach go raibh an comhalta míchúramach agus míghairmiúil ós rud é nár chuir siad an scian i bhfolach agus chuir faillí i leith an chomhalta. Cuireadh tús le himscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána faoi a.94(1) den Acht. Suíodh leis an imscrúdú nárbh ann d'aon fhianaise gur ghníomhaigh an comhalta go míghairmiúil ná le faillí, agus gur tharla an díobháil de thimpiste, de bhun gníomhartha an ghearánaigh. Scoireadh den chás dá bharr sin, i gcomhréir le a.93 den Acht.

CÁS-STAIDÉAR 14

Líomhain an gearánach gur úsáideadh forneart iomarcach orthu nuair a gabhadh iad i ndiaidh achrainn le baill foirne beáir i dteach tábhairne. D’oscail GSOC imscrúdú coiriúil faoi a.98 den Acht.

Fuair imscrúdaitheoirí GSOC scannánaíocht CTI ón dteach tábhairne agus ón limistéar choimeádta sa stáisiún Gardaí agus bhreathnaigh siad uirthi. Tógadh ráitis fhinnéithe ó bhaill foirne an bheáir. Rinneadh athbhreithniú ar nótaí a ghlac Gardaí ag an am agus cuireadh comhaltaí faoi agallamh chun cuntas ar an teagmhas a fháil uathu. Léiríodh le grianghraif a thóg an gearánach miondíobhálacha a bhí i gcomhréir le cur i gcoinne gabhála.

Níor thacaigh an fhianaise le líomhain an ghearánaigh gur úsáideadh forneart iomarcach orthu, agus níor léiríodh aon sárú eile ar an dlí coiriúil ná mí-iompar ag gníomhartha na gcomhaltaí den Gharda Síochána. Dúnadh an cás dá bharr sin.

CÁS-STAIDÉAR 15

Líomhain an gearánach go raibh siad ag siúil an bhóthair nuair a tháinig comhaltaí den Gharda Síochána chucu, gur rug siad orthu agus gur dhúirt siad go raibh drugaí i seilbh an ghearánaigh. Dúirt an gearánach gur gabhadh go héagórach iad chomh maith.

D’oscail GSOC imscrúdú coiriúil faoi a.98 den Acht. Lorgaíodh scannánaíocht CTI ón láthair ach bhí ataifeadadh déanta air tráth an fhiosrúcháin, ós rud é gur cuireadh moill ar an tuairisciú. Thug an gearánach ráiteas gearáin agus cuireadh an comhalta a bhí i gceist faoi agallamh i ndiaidh foláireamh a thabhairt dóibh. Tógadh ráiteas ón gcomhalta cúnta freisin. Breathnaíodh ar an taifead Coimeádta agus ar iontrálacha ar PULSE.

Sainaithníodh fadhbanna le comhleanúnachas i gcuntas an ghearánaigh agus nuair a cuireadh ceisteanna breise orthu, níor fhreagair siad. Tugadh tuarascáil faoin imscrúdú chun críche agus níor sainaithníodh aon mhí-iompar ann. Dúnadh an cás dá bharr sin.

10 IMSCRÚDUITHE AR THARCHUR FAOI ALT 102 (BÁS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH)

■ DIVISIONAL H.Q.
▲ DISTRICT H.Q.
● SUB - DISTRICT
● SUB - STATION

10. IMSCRÚDUI THE AR THARCHUR FAOI ALT 102 (BÁS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH)

Cén uair a dhéanann An Garda Síochána tarchur chuig GSOC?

Déantar foráil in Alt 102 den Acht d'imscrúdú neamhspleách ar aon ní inar cosúil go bhféadfadh sé go mbeadh bás nó díobháil thromchúiseach duine nó daoine mar thoradh ar iompar chomhalta den Gharda Síochána. Tá an fhoráil sin ina gné thábhachtach de chreat an Stáit lena ráthú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí atá air faoi Ailt 2 agus 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a thugann an chumhacht chun tarchur do cheannfóirt, a bhfuil freagracht orthu as a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sé cuí teagmhas a tharchur chun gur féidir imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air.

An chaoi a n-imscrúdaíonn GSOC ceisteanna faoi Alt 102

A luaithe a fhaigheann GSOC tarchur ón nGarda Síochána, ní mór dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ábhar .

Féachaimid le freagairt go comhréireach don ábhar, de réir na gcúinsí. Tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn sé soiléir nach bhfuil aon fhianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht. Ar an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Má tá bás i gceist, caithfear breithniú áirithe a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Luaitear in Airteagal 2 go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. Ceanglaítear ar chomhlachtaí stáit na hÉireann, an Garda Síochána san áireamh, leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh "ar Shlí atá ar comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin".

Chun Airteagal 2 a chomhlíonadh, ba cheart, in imscrúduithe ar bhásanna tar éis teagmháil le póilíní, cloí le cúig phrionsabal arna bhforbairt ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Is iad sin:

- Neamhspleáchas
- Leordhóthanacht
- Tráthúlacht
- Iniúchadh ag an bPobal
- Rannpháirtíocht Íospartach.


Tá na prionsabail sin i gcroílár chur chuige GSOC ar bhásanna a imscrúdú.

Tarchuir a Fuarthas in 2023


Fuair GSOC **35** tharchur faoin alt seo in 2023, i gcomparáid le 41 in 2022, agus 59 in 2021.

Bhain ocht gceann déag (**18**) de na tarchuir a fuarthas in 2023 le básanna. Tá miondealú ar na himthosca thíos.

Cairt 8: Imthosca na dTarchur (Líon iomlán Tarchur a Fuarthas: 35)



Cairt 9: Cineálacha imscrúduithe i dtarchuir (Líon iomlán tarchur a fuarthas: 35)




Imscrúduithe tar éis Tarchur a Cuireadh i gCrích in 2023

Dúnadh líon iomlán de 62 imscrúdú a d'eascair as tarchuir in 2023.


Tábla G: Cineálacha imscrúduithe agus na torthaí orthu (imscrúduithe a dúnadh in 2023)

Cineál imscrúdaithe agus toradh	Cás
Gan gá le tuilleadh imscrúdaithe nó gan é bheith praiticiúil go réasúnta	37
Ní feidhm a thuilleadh ag Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána maidir leis an gcomhalta	2
Fíneáil forchurtha	1
Níor shainaithin Coimisinéir an Gharda Síochána aon sárú ar Rialacháin Araíonachta	8
Níor shainaithin GSOC aon mhí-iompar ag an gcomhalta faoi A.98	3
Dúnadh an cás nuair nár léiríodh aon fhianaise ar mhí-iompar ná coiriúlacht ag Garda san imscrúdú tosaigh	2
Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise ar mhí-iompar ag Garda – ní dhearnadh aon ghníomh breise	1
Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é – tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – ordaíodh ionchúiseamh	4
Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é – tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – níor ordaíodh ionchúiseamh	3
Scoireadh den chás	1
IOMLÁN	62

Mapa 3: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath san áireamh)



Mapa 4: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath



11. IMSCRÚDUI THE CHUN LEAS AN PHOBAIL

Déantar foráil in Acht an Gharda Síochána 2005 go ndéanfaidh GSOC imscrúduithe chun leas an phobail. Is féidir tús a chur le himscrúduithe den sórt sin ar bhealaí éagsúla.

Imscrúduithe chun leas an phobail á dtionscnamh ag GSOC (Alt 102(4))

Uaireanta, tagann mí-iompar amhrasta ag Garda nó ag Gardaí chun aird GSOC taobh amuigh de na gnáthphróisis gearán nó tarchur. Féadfaidh nithe den sórt sin teacht chun aird GSOC, mar shampla, via tuairiscí sna meáin, nó via mionsonraí i ngearán atá neamh-inghlactha taobh amuigh de sin. Sna cásanna sin, tá sé de chumhacht ag GSOC tús a chur le himscrúdú chun leas an phobail i gcás go ndealraítear go bhféadfadh cion a bheith déanta le hiompar comhalta den Gharda Síochána, nó go mbeadh a n-iompar ina údar le himeachtaí araíonachta.

Imscrúduithe chun leas an phobail á dtionscnamh ag an Aire (Alt 102 (5))

Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt ní ar bith a tharchur chuig GSOC maidir le hiompraíocht chomhalta den Gharda Síochána, agus déanfaidh GSOC imscrúdú air. Áirítear leis sin tarchuir a dhéantar chuig GSOC faoin Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM) a bhunaigh an tAire in 2014. Fuair an tAire 21 tarchur idir 2015 agus 2016 agus dúnadh an dá imscrúdú a bhí amuigh in 2023.

Imscrúduithe chun leas an phobail ar iarratas ón Údarás Póilíneachta nó ón Aire (Alt 102 (7))

Féadfaidh an tÚdarás Póilíneachta agus an tAire ní a tharchur chuig GSOC chun breithniú a dhéanamh ar cibé ar cheart nó nár cheart é a imscrúdú chun leas an phobail.


Imscrúduithe chun Leas an Phobail ar cuireadh tús leo agus a dúnadh in 2023

Osclaíodh fiche a cúig (25) imscrúdú chun leas an phobail in 2023 agus dúnadh 25. Áiríodh leis na himscrúduithe a dúnadh cinn ar cuireadh tús leo sna blianta roimhe sin.

Ní dhearnadh aon iarraidh ar GSOC chun imscrúdú chun leas an phobail a dhéanamh ar ní faoi alt 102(5). Níor osclaíodh aon imscrúdú chun leas an phobail tar éis tarchur ón Aire Dlí agus Cirt faoi alt 102(7).

Áiríodh le himscrúduithe GSOC chun leas an phobail a osclaíodh in 2022 líomhaintí maidir le mainneachtain teagmhas tromchúiseach a imscrúdú mar is cuí, ionsaí, agus rochtain mhíchuí a dhéanamh ar thaifid.

12 IDIRGHABHÁIL ÁITIÚIL



12. IDIRGHABHÁIL ÁITIÚIL

Ba í 2023 an séú bliain a raibh próiseas Idirghabhála Áitiúla (LI) GSOC i bhfeidhm. Faoin bpróiseas seo, féachtar le roinnt gearán chuig GSOC a réiteach go háitiúil gan ghá le himscrúdú foirmiúil.

D'éirigh thar cionn leis an tionscnamh Idirghabhála Áitiúla in 2023. Le linn na bliana, tharchuir GSOC líon iomlán de 323 chás le haghaidh idirghabháil áitiúil, méadú mór ar an líon in 2022 (228). Réitíodh 188 gcás, ina measc cuid a tugadh ar aghaidh ón mbliain féilire roimhe sin. Ag deireadh na bliana, bhí 121 chás idirghabhála áitiúla fós idir lámha.

Tábla H: Torthaí faoin bPróiseas Idirghabhála Áitiúla 2023

Idirghabháil Áitiúil	Líon Cásanna 2023	Líon Cásanna 2022
Tarchurtha ag GSOC le haghaidh LI	323	228
Réitithe/dúnta i ndiaidh an phróisis LI (féach nóta 1 thíos)	188**	148
Dúnta gan idirghabháil, mar gheall go príomha nár ghlac an gearánaí páirt sa phróiseas nó gur tharraing siad siar siad an gearán (féach nóta 2 thíos)	7*	5
Tarchurtha ar ais chuig GSOC le haghaidh cinneadh inghlacthachta	79**	54
Fós le Cigirí de chuid an Gharda Síochána ag deireadh na bliana	121	65

*Áirítear leis an bhfigiúr cásanna a tarchuireadh an bhliain féilire roimhe sin.
**Áirítear leis an bhfigiúr cásanna a tarchuireadh an bhliain féilire roimhe sin agus an bhliain roimhe sin.

Tionchar

Ón méid thuas, is féidir a fheiceáil gur réitíodh nó gur dúnadh cion suntasach de na cásanna a tarchuireadh chuig na cigirí Garda ainmnithe tar éis na hidirghabhála áitiúla. Ó dhearcadh an ghearánaigh de, tugtar deis leis an gcur chuige LI seo aghaidh a thabhairt ar a ngearáin agus iad a réiteach go sciobtha - taobh istigh de laethanta nó seachtainí, de ghnáth, seachas míonna, dá nglacfaí lena ngearáin le haghaidh imscrúdú foirmiúil gan mhaoirseacht, próiseas is dócha a mbeadh míonna i gceist leis.

Mar gheall go ndírítear ar réiteach, seachas ar imscrúdú foirmiúil ar sháruithe araíonachta, le hidirghabháil áitiúil, féadfaidh toradh níos sásúla a bheith aige. Ag deireadh imscrúdaithe fhoirmiúil, bíodh sé go bhfuarthas go raibh nó nach raibh sárú araíonachta déanta ag an ngarda a ndearnadh gearán faoi, ní cosúil go bhfaighfí ‘réiteach’ ar ghearán áirithe na ngearánaithe. Is é ‘réiteach’ príomh-aidhm na hidirghabhála áitiúla.

[1] Tá an chatagóir seo comhdhéanta de chásanna marcáilte mar:

- Réitithe
- Curtha ar ais mar Réitithe, neamhdhearbhaithe
- Curtha ar ais mar Gan Réiteach, dúnta gan gníomh breise a dhéanamh
- Dúnta gan Idirghabháil

[2] Is iad seo na cásanna marcáilte mar Dúnta gan Idirghabháil. Áirítear leo cásanna ar ina leith:

- Chomhaontaigh an gearánach go ndéanfaí LI agus tarchuireadh an comhad chuig Cigire de chuid an Gharda Síochána. Ní raibh an cigire LI in ann teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach ina dhiaidh sin ná cuidiú le LI ar bhealach eile.
- Chomhaontaigh an gearánach go ndéanfaí LI agus tarchuireadh an comhad chuig Cigire de chuid an Gharda Síochána. Tarraingíodh an gearán siar ansin sular cuireadh tús le LI.

AN tSLÍ A N-OIBRÍONN IDIRGHABHÁIL ÁITIÚIL

Maidir le gach cás a fhaigheann GSOC, is mar ‘fhiosrúcháin’ a thaifeadtar iad ar dtús ar an gCóras Bainistíochta Cásanna (CMS) Ní dhéantar na cásanna sin a uasghrádú ina ngearáin go dtí go mbeidh faisnéis dhóthanach ar fáil lena bhféadtar a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an cás inghlactha. Baineann an próiseas Idirghabhála Áitiúla le gearáin atá ar an gcéim ‘fhiosrúchán’, is é sin, sula ndéantar iad a mheas le haghaidh inghlacthachta.

- Nuair a fhaigheann GSOC gearán, cinneann sé cé acu atá nó nach bhfuil an ní oiriúnach le haghaidh Idirghabháil Áitiúil. Ní mheastar ach saincheisteanna ar leibhéal seirbhíse le haghaidh idirghabháil áitiúil. Áirítear le samplaí:
 - Droch-cháilíocht nó droch-chaighdeán seirbhíse
 - Seirbhís neamh-éifeachtúil nó easpa seirbhíse
 - Drochmhúineadh/míbhéas/míchúirtéis
 - Easpa cumarsáide nó freagartha
- Má tá GSOC den tuairim go bhfuil an tsaincheist oiriúnach don phróiseas LI, déanann GSOC teagmháil leis an duine a dhéanann an gearán, míníonn an próiseas Idirghabhála Áitiúla dóibh agus iarrann orthu toiliú a thabhairt an ní a réiteach ar an tslí sin.
- Má thugann an gearánach toiliú, tarchuireann GSOC an ní chuig cigire ainmnithe den Gharda Síochána a bhainistíonn an próiseas thar ceann an Gharda Síochána. Mura dtugann an duine toiliú, déanfaidh GSOC measúnú ar an ngearán maidir le hinghlacthacht, de réir an phróisis chaighdeánaigh.
- Déanann an cigire ainmnithe de chuid an Gharda Síochána teagmháil leis an ngearánach ar an bhfón chun na gníomhartha nó torthaí atá á lorg aige/ aici a shainaithint. De ghnáth, labhraíonn an cigire leis an gcomhalta ábhartha den Gharda Síochána ansin chun a bhféadfadh a bheith mar chúis leis an gceist a fhiosrú. Ní bhaineann an próiseas seo le milleán a chur, baineann sé le dul i ngleic leis an gceist a ardaíodh agus foghlaim ón méid a tharla d’fhonn atarlú a chosc. Déanann an cigire teagmháil leis an ngearánach arís chun an gníomh a ndearnadh chun dul i ngleic leis an ní a chur in iúl. Má tá an gearánach sásta leis an bhfreagra, cuireann an cigire de chuid an Gharda Síochána é sin in iúl do GSOC agus deimhníonn GSOC leis an ngearánach go bhfuil sé/sí sásta. Dúnann GSOC an comhad ansin. Mura n-éiríonn leis na hiarrachtaí chun an ní a réiteach trí Idirghabháil Áitiúil, tarchuirtear an gearánach ar ais chuig GSOC, a chinneann ansin cibé ar chóir nó nár chóir an ní a chur ar aghaidh le haghaidh imscrúdú.

Idirghabháil Áitiúil: Cás-staidéir 2023

CÁS-STAIDÉAR 16

Dúirt gearánach gur ionsaigh ‘grúpa daoine óga’ a ndéagóir. Mhaígh an gearánach go bhfuair siad uimhir thagartha PULSE ach go raibh imní orthu nár thóg an comhalta i gceist ráiteas óna ndéagóir. Dúirt an gearánach gur thuairiscigh siad an dara ionsaí freisin.

I ndiaidh don ghearánach comhaontú triail a bhaint as Idirghabháil Áitiúil, shainaithin an Cigire Idirghabhála Áitiúla beirt chomhaltaí dhifriúla a raibh baint acu leis an imscrúdú. Rinne an chéad chomhalta teagmháil leis an ngearánach agus shocraigh siad go gcuirfeadh sainagallóirí íospartach agallamh ar an déagóir. Rinne an Cigire teagmháil le maoirseoir an dara chomhalta chun iarraidh orthu agallamh a chur ar an déagóir faoin dara ionsaí.

Ar an ngníomh sin a dhéanamh, bhí an gearánach sásta go raibh na hionsaithe á n-imscrúdú ag na Gardaí agus chomhaontaigh siad go bhféadfai an cás a dhúnadh.

CÁS-STAIDÉAR 17

Thuairiscigh gearánach gadaíocht don Gharda Síochána. Tosaíodh imscrúdú agus chuir an comhalta a bhí i mbun an imscrúdaithe in iúl don ghearánach gur tarchuireadh comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Thug Oifig Ceantair an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le fios nár tarchuireadh aon chomhad, áfach, nuair a d’fhiosraigh an gearánach faoi. Tarchuireadh an cás le haghaidh Idirghabháil Áitiúil le toiliú ón ngearánach agus réitíodh go sásúil é.

CÁS-STAIDÉAR 18

Stopadh an gearánach ag solas tráchta agus fuarthas amach go raibh siad ag tiomáint faoi cheadúnas sealadach agus nach raibh tiománaí a raibh ceadúnas iomlán acu in éineacht leo. Mhaígh an gearánach go ndearna an comhalta tagairt dóibh mar dhuine áiféiseach. Dúirt an gearánach nár léirigh an comhalta comhbhá.

Tarchuireadh an cás le haghaidh Idirghabháil Áitiúil le toiliú ón ngearánach. Cuireadh in iúl don ghearánach gur labhair Maoirseoir an chomhalta a bhí i gceist leis an gcomhalta faoin teagmhas sin. Bhí an gearánach sásta an gearán a dhúnadh ansin.

13 AONAD DLÍ GSOC: AG PLÉ LEIS NA CÚIRTEANNA

13. AONAD DLÍ GSOC: AG PLÉ LEIS NA CÚIRTEANNA

Gníomhaíocht dlí tar éis imscrúdaithe choiriúil

Mar ar tugadh breac-chuntas air sna rannáin roimhe seo, déanann GSOC imscrúduithe coiriúla de bhun gearán agus tarchur, chomh maith le i gcomhthéacs imscrúduithe chun leas an phobail.

Ar an imscrúdú coiriúil a chur i gcrích, sa chás go bhfuil an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh gur cion a bhí san iompar faoi imscrúdú, ullmhaítear comhad agus seoltar é chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP).

I gcás go bhfuair duine bás agus é/í faoi choimeád an Gharda Síochána nó tar éis don duine éagtha bheith i dteagmháil le Gardaí, agus go bhfuil imscrúdú coiriúil déanta ag GSOC, féadfaidh GSOC comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun a oibleagáidí faoi Alt 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a chomhlíonadh. Féadfaidh GSOC comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás go gcinneann Coimisiún Ombudsman gur chun leas an phobail é déanamh amhlaidh.

Faoi Alt 110 d'Acht an Gharda Síochána, is cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt don Choimisiún Ombudsman i ndáil le gearán nó imscrúdú, cibé acu comhalta nó duine den phobal a dhéanfaidh sin. I ngach cás, is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a chinneann cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar an cás a ionchúiseamh sa chúirt.

Orduithe ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun ionchúiseamh a dhéanamh in 2023

In 2023, sheol GSOC 40 comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Fuair GSOC 36 ordú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in 2023. Astu sin:-

- D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nach ndéanfaí ionchúiseamh i ndáil le 25 imscrúdú. Bhain siad sin le 4 chomhaid a chuir GSOC faoina bhráid in 2022 agus 21 chomhad a cuireadh faoina bhráid in 2023.
- I dteannta an mhéid thuas, bhí 10 n-ordú eile ar feitheamh ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i ndáil le comhaid a seoladh in 2023.
- Tá miondealú thíos ar na cionta sna himscrúduithe inar ordaíodh ionchúiseamh:-
- Cúiseamh amháin as Tiomáint Chontúirteach, contrártha d'Alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, (den cúiseamh achomhair amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as lonsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (den cúiseamh achomhair amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Féachaint le Cúrsa an Cheartais a Shaobhadh, chontrártha don Dlí Coiteann i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as lonsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (cúiseamh achomhair amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as lonsaí is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (trial achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Dhá Chúiseamh as Ciapadh, contrártha d'Alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (trial achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as lonsaí Gnéasach, contrártha d'Alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990, arna leasú, i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as lonsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh

an Duine, 1997 (den cúiseamh achomhair amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.

- Trí Chúiseamh as lonsaí is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (trial achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Trí Chúiseamh as lonsaí is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (trial achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Trí Chúiseamh as lonsaí is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (trial achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Cur i mBaol, contrártha d'Alt 13 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (den cúiseamh achomhair amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Ceithre Chúiseamh as Tiomáint Chontúirteach, contrártha d'Alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, (den cúiseamh achomhair amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Dhá Chúiseamh as lonsaí is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as lonsaí is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.

Cásanna coiriúla a cinneadh sa Chúirt in 2023

Tugadh seacht gcás chun críche in 2023. Astu sin, díbheadh ceithre chás, bhain éigionuithe le dhá chás, scriosadh amach cás amháin agus ordaíodh don chúisí airgead a thabhairt do charthanas i gcás amháin.

Sna ceithre chás a dhíbh na Breithimh sna Cúirteanna Dúiche, cúisíodh na comhaltaí den Gharda Síochána arbh ábhar do na himscrúduithe iad sna cionta a leanas:

Dhá chúiseamh ar leithligh as lonsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;

Dhá chúiseamh ar leithligh as lonsaí is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997. Fuarthas triúr ciontach in 2023, agus socraíodh pianbhreitheanna a thabhairt i R1 2024.

Cásanna ar feitheamh os comhair na gCúirteanna ag deireadh 2023

Tá comhaltaí den Gharda Síochána ina n-ábhar do chúisimh atá ar feitheamh os comhair na gcúirteanna in 23 imscrúdú ar leithligh. Áirítear leis na cionta ar feitheamh:

- lonsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;
- lonsaí is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;
- Ciapadh, contrártha d'Alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;
- Cur i mBaol, contrártha d'Alt 13 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;
- Tiomáint Chontúirteach, contrártha d'Alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961;
- Feithicil a Thógáil Gan Údarás, contrártha d'Alt 112 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961.
- Ráiteas Bréagach a Thabhairt go Feasach, contrártha d'Alt 12 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976;
- Éigniú, contrártha d'Alt 4 Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú) Acht 1990;
- Faisnéis bhréagach nó míthreorach a thabhairt, contrártha d'Alt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.
- Baineann trí (3) chás atá ar feitheamh os comhair na gcúirteanna faoi láthair le cúisimh i gcoinne daoine den phobal (gearánaigh) as ceithre chúiseamh ar leithligh i bhfaisnéis bhréagach nó míthreorach a thabhairt go feasach do GSOC contrártha d'Alt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú.

CÁS-STAIDEAR 19

I ndiaidh do GSOC imscrúdú coiriúil neamhspleách a thabhairt chun críche, d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go ndéanfaí iar-chomhalta de Chúltaca an Gharda Síochána a ionchúiseamh ar díotáil i gcúisimh iomadúla as cionta de chineál gnéis. Phléadail an cúisí ciontach i gcúisimh shamplacha d'éigniú, ionsaí gnéasach agus ró-mhígheanas sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus tugadh an éisteacht chun pianbhreith a ghearradh chun críche i mí Eanáir 2024. Ar na himthosca géaraitheacha agus maolaitheacha a chloisteáil, ghearr an Breitheamh téarma príosúin sé bliana go leith ar an gcúisí.

Nochtadh Neamh-Pháirtí

Déanann Aonad Dlí GSOC comhordú ar nochtadh fianaise ag neamh-pháirtí in imeachtaí coiriúla nuair a iarrtar air déanamh amhlaidh. Déantar sin de réir phrótacal a comhaontaíodh leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in 2019, atá ar fáil anseo: <https://www.gardaombudsman.ie/about-gsoc/non-party>

In 2022, chonaic GSOC laghdú beag ar líon na n-iarrrataí ar Nochtadh Neamh-Pháirtí. Ullmhaíodh 125 chomhad den sórt sin agus eisíodh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iad le linn na bliana. Tá sin i gcomparáid le 128 gcomhad in 2022. Fuair GSOC 45 iarraidh ar athbhreithniú pribhléide um Nochtadh Neamh-Pháirtí ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Tabhair faoi deara: Is cion é cion achomair nach bhféadfaidh ach breitheamh a shuíonn gan ghiúire sa Chúirt Dúiche plé leis.

Tabhair faoi deara: I dtrial achomair, féadtar an cás a éisteacht sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda, ach ordaíonn Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gur cheart an ní a éisteacht sa Chúirt Dúiche. Éistean an Breitheamh le hachóimre ar na fórais ansin agus má chomhaontaíonn an Breitheamh leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, fanfaidh an ní sa Chúirt Dúiche.

CÁS-STAIDÉAR 20

Rinne fear gearán chuig GSOC gur stop beirt chomhaltaí den Gharda Síochána a bhí i bhfeithicil mharcáilte de chuid an Gharda Síochána é féin agus a chara agus iad ag siúl abhaile go mall san oíche. Thosaigh an comhrá amach go cairdiúil ach chuaigh sé in olcas. Ghabh na comhaltaí duine amháin as cion oird phoiblí líomhainte agus tugadh iad chuig Stáisiún Gardaí áitiúil. Rinne an duine gearán chuig GSOC níos faide anonn gur ionsaigh duine de na comhaltaí iad ar an mbealach chuig an Stáisiún Gardaí, trí dhorn a bhualadh orthu roinnt uaireanta ar an gceann agus ar an gcorp, i gcúl na feithicle de chuid an Gharda Síochána. Ghlac GSOC an gearán agus cuireadh tús le himscrúdú coiriúil faoi Alt 98 d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Fuair GSOC fianaise liachta ach níor éirigh leo aon scannánaíocht ábhartha TCI a fháil. Chuir GSOC an comhalta faoi agallamh agus sheol comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a d'ordaigh go ndéanfaí an comhalta a chúiseamh i gcúiseamh amháin d'Ionsaí is Cúis le Díobháil. Tionóladh an trial i gcaitheamh aon lae iomláin ach ar deireadh, chinn an Breitheamh go raibh neamhréireanna iomadúla idir an t-ionsaí, mar a líomhnaíodh é, agus an fhianaise liachta, nár léirigh ach díobhálacha thar a bheith beaga nár ghá gur tharla siad de bharr ionsaí ar chor ar bith, agus dá bharr sin, d'éigiontaigh an Breitheamh an comhalta.

CÁS-STAIDÉAR 21

Rinne duine gearán chuig GSOC go ndearna comhalta den Gharda Síochána nach raibh ar dualgas ionsaí orthu i mbeár i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Roinnt buillí de dhorn san aghaidh ba chúis le díobhálacha don aghaidh a bhí i gceist leis an ionsaí líomhainte. Ghlac GSOC leis an ngearán agus cuireadh tús le himscrúdú coiriúil faoi alt 98 d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Fuair GSOC fianaise liachta, scannánaíocht ábhartha CTI agus taifid ábhartha fóin phóca, chomh maith le taifid chlosamhairc ó na seirbhísí éigeandála a d'fhreastail ar an láthair. Chuir GSOC an comhalta faoi agallamh agus sheol comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a d'ordaigh go gcúiseofaí an comhalta i gcúiseamh amháin d'Ionsaí is Cúis le Díobháil. Tionóladh an trial i gcaitheamh dhá lá. Chinn an Breitheamh, cé gurbh ann do roinnt fianaise a thug le tuiscint go raibh an gearánach ag gníomhú ar bhealach a d'fhéadfaí a mheas mar ghríosaitheach, nár bhonn cirt é sin leis an ionsaí a rinne an comhalta nach raibh ar dualgas. Chiontaigh an Breitheamh an comhalta i gcúiseamh amháin d'Ionsaí is Cúis le Díobháil. Gearraíodh an Breitheamh pianbhreith i mí an Mheithimh 2024. Tá sé de cheart ag an gcomhalta achomharc a dhéanamh.

14

EOLAS A THABHAIRT DO BHEARTAS AGUS CLEACHTAS AN GHARDA SÍOCHÁNA

14. EOLAS A THABHAIRT DO BHEARTAS AGUS CLEACHTAS AN GHARDA SÍOCHÁNA

Moltaí Córasacha

Agus imscrúduithe á ndéanamh ag GSOC, tagann cleachtais chun cinn uaireanta a chreidimid is gá a thabhairt chun aire lucht bainistíochta an Gharda Síochána.

Creideann GSOC gur gné thábhachtach den fhorghaoirseacht is ea aird a tharraingt orthu seo nuair a thagann siad chun cinn agus moltaí a dhéanamh chun a chinntiú nach dtarlódh teagmhais den chineál céanna arís.

Is le saincheisteanna córasacha nó bainistíochta, seachas le hiompraíocht daoine aonair, a bhaineann na moltaí.

In 2023, ghlac GSOC cur chuige nua i leith Moltaí Córasacha a fhorbairt agus a scaipeadh. Sa bhreis ar iad a eisiúint don Garda Síochána, tá siad scaipthe anois ar gníomhaireachtaí reachtúla eile chomh maith, ina measc an Roinn Dlí agus Cirt, an tÚdarás Póilíneachta, Cigireacht an Gharda Síochána, agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Ina theannta sin, in 2023 ghlac GSOC beartas nua maidir leis na moltaí a fhoilsiú ar bhonn tréimhsiúil. Rinneadh an chéad fhoilseachán den

sórt sin, achoimre ar na moltaí a eisíodh in 2022, i mí Aibreáin 2023.

I gcás ina bhfuil Moladh Córasach GSOC ábhartha le haghaidh straitéisí eile chun feabhas a chur ar phóilíneacht nó ar shábháilteacht pobail - An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, mar shampla – roinnfidh an Coimisiún a mholtaí féin leis na gníomhaireachtaí agus oifigigh ábhartha.

D'eisigh GSOC Moladh Córasach nua amháin in 2023, agus tugtar mionsonraí faoi thíos. Ina theannta sin, bhí roinnt moltaí eile á n-ullmhú le linn 2023. Baineann siad sin le raon ábhar córasach maidir le cleachtas agus bainistiú, lena n-áirítear ábhair i ndáil le:

- Coinneáil faoi choimeád a bhainistiú
- Srianadh a úsáid
- Cuardaigh phearsanta a dhéanamh
- Imshrianadh bainistithe feithiclí

Ar na Moltaí Córasacha sin a eisiúint, scaipfear iad ar ghníomhaireachtaí reachtúla, agus beidh siad sa chéad Achoimre thréimhsiúil eile ar Mholtaí Córasacha de chuid GSOC a fhoilseofar in 2024.

Moladh Córasach: daoine faoi choimeád a aistriú chuig saoráidí sláinte

Rinne comhaltaí den Gharda Síochána iarracht ordú cúirte a chur i bhfeidhm inar ordáíodh do Ghardaí duine a bhí faoi choimeád acu a thabhairt chuig institiúid mheabhairsláinte le go gcuirfeadh oifigeach liachta faofa scrúdú orthu. Dhiúltaigh baill foirne na hinstitiúide do na Gardaí cead isteach, áfach, mar gheall nach raibh aon leaba spáráilte ann. I ndiaidh idirbheartaíocht nár éirigh léi, d'oscail comhaltaí den Gharda Síochána geata taoibh le forneart agus chuaigh siad isteach, d'ainneoin iarrachtaí na foirne gan iad a ligean isteach.

Fuair triúr comhaltaí den institiúid agus comhalta amháin den Gharda Síochána díobhálacha nuair a rinne na Gardaí iarracht briseadh isteach le fórsa.

Ar imscrúdú GSOC a chur i gcrích, seoladh comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a d'ordaigh nach ndéanfaí ionchúiseamh.

Sa Mholadh Córasach a rinne GSOC ina dhiaidh sin, mhol siad don Gharda Síochána idirbheartaíocht a dhéanamh leis na húdaráis sláinte ábhartha d'fhonn prótacal a chruthú chun agóidí a réiteach, agus féachaint ar an teagmhas seo mar 'cheacht foghlama'.

An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe

Seoladh an Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe i mí an Mheithimh 2022, chomh maith le Plean Cur Chun Feidhme.

Cuireadh GSOC san áireamh mar ghníomhaireacht ainmnithe sa Phlean Cur Chun Feidhme, agus tagairt shonrach á déanamh don ról reachtúil atá againn mar ghníomhaireacht neamhspleách a láimhseálann gearáin faoi chomhaltaí den Gharda Síochána, cé acu a bhaineann siad le leordhóthanacht an fhreagra a thugann siad ar theagmhais Fhoréigin Bhaile/Gnéasaigh, nó i gcás inar dhéantóirí coire líomhainte iad. Tugtar léiriú sa Phlean Cur Chun Feidhme ar ról GSOC maidir le moltaí a thabhairt i ndáil le beartas/cleachtas an Gharda Síochána a bhaineann le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe, d'fhonn feabhas a chur ar leibhéal sheirbhísí d'íospartaigh agus d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht imscrúduithe an Gharda Síochána. Leis an bPlean, cruthaítear ionchas go dtabharfaidh an Garda Síochána éifeacht d'fheabhsúcháin i mbeartas, cleachtas agus oiliúint, agus go bhfreagrófar do thorthaí agus moltaí GSOC.

Bhí GSOC rannpháirteach go gníomhach in obair an Bhoird Formhaoirseachta Ardleibhéal maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise le linn 2023, agus chuir nuashonruithe ábhartha ar fáil. Leanfar leis an obair sin ar feadh shaolré na Straitéise.

15. NOCHTAÍ COSANTA

Faoi Acht um Nochtadh Cosanta 2014, féadfaidh oibrithe de chuid an Gharda Síochána, lena n-áirítear comhaltaí den Gharda Síochána, líomhaintí maidir le héagóir laistigh den Gharda Síochána a nochtadh do GSOC faoi rún.

Rinneadh roinnt leasuithe ar an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 in 2023. Chuaigh an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023. Leis an acht sin, trasúodh na forálacha sa Treoir maidir le Cosaint do Lucht Sceite Eolais (1937/2019) i ndlí na hÉireann. Rinneadh leasú breise ar an Acht um Nochtadh Cosanta an 19 Iúil 2023, le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Daoine a Thuairiscíonn Sáruithe ar Dhlí an Aontais Eorpaigh 2023 (I.R. Uimh. 375 de 2023), lena dtugtar breis éifeachta don Treoir trí fhoráil a dhéanamh maidir le tuairisciú chuig forais agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh.

Tá Aonad tiomnaithe um Nochtaí Cosanta ag GSOC (PDU) chun nochtaí a dhéantar faoin Acht a láimhseáil.

Riar Cásanna maidir le Nochtaí Cosanta in 2023

Tugtar mionsonraí faoin riar cásanna maidir le nochtuíthe cosanta ar phléigh an tAonad leo in 2023 sa Tábla thíos.

Dea-chleachtas a Roinnt go hIdirnáisiúnta

Lean GSOC dá chuid oibre mar ionadaí na hÉireann ar Líonra na hEorpa um Údaráis Ionracais agus Sceithreachta (NEIWA) ag obair ar eolas agus saineolas roinnte i nithe a bhaineann le nochtuíthe agus feidhmiú Theoir ón Aontas Eorpaigh 2019/1937. D'fhreastail GSOC ar chruinniú ar an láthair sa Róimh, áit ar foilsíodh Dearbhú na Róimhe, inar cuireadh béim ar a thábhachtaí atá cosaint do lucht sceite eolais. Ina theannta sin, tionóladh toghcháin bhoird agus toghadh ball foirne GSOC chuig Bord NEIWA.

Tábla I: Riar Cásanna GSOC maidir le Nochtaí Cosanta in 2023

Cásanna idir Lámha in 2023		
Cásanna a bhí fós idir lámha an 31/12/22 a tugadh ar aghaidh chuig 01/01/2023	53	
Tuarascálacha a fuarthas in 2023	28	
Cásanna inghníomhaithe in 2023	81	
Cásanna a dúnadh in 2023	18	
Cásanna a bhí fós idir lámha an 31/12/2023	63	
Tuarascálacha a Fuarthas arbh éigean Measúnú a dhéanamh orthu in 2023		
Tuarascálacha a Fuarthas trí Chainéil Thuairiscithe Sheachtracha	17	
Cur ar Aghaidh Tuarascálacha ó Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta	11	
Cur ar Aghaidh Tuarascálacha ó Dhaoine Forordaithe Eile	0	
Líon Iomlán Tuarascálacha le haghaidh Measúnú in 2023	28	
Toradh na Measúnuithe a Rinneadh in 2023	Go hiomlán	Go páir-teach
Measúnú fós le déanamh ag deireadh na bliana	13	
Measadh gurbh fhiú beart leantach a dhéanamh ina leith	2	3
Curtha ar aghaidh chuig duine forordaithe eile nó an OPDC	0	0
Dúnta ós rud é gur measadh gur mhionrud a bhí sa tuarascáil	0	0
Dúnta ós rud é gur measadh gur athrá a bhí sa tuarascáil, nó nach raibh aon fhaisnéis nua inti	1	0
Tarchurtha chuig nós imeachta eile a bheadh níos ábhartha	5	1
Measadh nár bh fhiú beart leantach a dhéanamh ina leith	3	3

16. IARRATAÍ AR FHAISNÉIS

Is é Aonad Cosanta Sonraí agus Saorála Faisnéise (FOI) GSOC a phléann le formhór na n-iarrataí ar fhaisnéis a fhaigheann GSOC gach bliain. Tá líon tiomnaithe ball foirne san Aonad a dhéileálann le hiarrataí a dhéantar faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Tá an fhoireann seo freagrach as cinntiú go bhfreagraítear do na hiarrataí seo taobh istigh de na teorainneacha ama iarrtha, feasacht ar nithe maidir le cosaint sonraí, saorála faisnéise agus príobháideachais a ardú taobh istigh de GSOC, comhairle faoi chosaint sonraí a chur ar fáil do bhaill foirne, agus cinntiú go gcloíonn GSOC lena chuid dualgas reachtúil faoin reachtaíocht.

Fuarthas seasca (60) iarraidh maidir le saoráil faisnéise in 2023. Laghdú 14.2% é sin ón seachtó (70) iarraidh a fuarthas an bhliain roimhe. Bhain an chuid is mó le hiarrataí ar fhaisnéis phearsanta arna coinneáil i gcás-chomhaid GSOC. Mar gheall nach gclúdaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise na comhaid in imscrúdú nó comhaid ghearáin (is é sin a bhaineann le scrúdú nó imscrúdú faoi Chuid 4 d'Acht an Gharda Síochána, 2005), diúltaíodh do na hiarrataí sin.

Bhain an chuid eile de na hiarrataí saorála faisnéise le staitisticí faoi ghearáin agus le staitisticí riaracháin.

Fuair GSOC trí iarraidh ar athbhreithnithe inmheánacha ar chinntí a bhain le diúltú do rochtain a thabhairt ar thaifid i gcomhaid imscrúdaithe nó gearán. In 2023, níor tarchuireadh aon iarraidh chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC).

Tá tuilleadh sonraí faoi na hiarrataí saorála faisnéise a fuarthas in 2022 ar fáil ar an Loga Nochtuithe Cosanta Saorála Faisnéise atá le fáil ar láithreán gréasáin GSOC.

Fuarthas 90 iarraidh rochtana sonraí in 2023. Ba ó ghearánaigh a tháinig formhór na n-iarrataí sin agus rochtain á lorg acu ar a sonraí pearsanta a bhí á gcoinneáil i gcomhaid ghearáin agus imscrúduithe GSOC. Ba é a bhí i gceist leis sin ná athbhreithniú agus

próiseáil ar os cionn 250 comhad ar leithligh. Bhain ceithre iarraidh le scríosadh sonraí pearsanta arna gcoinneáil ag GSOC faoi Alt 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

In 2023, phléigh an tAonad Cosanta Sonraí le hiarraidh agus daichead (41) ar chomhairle maidir le nithe cosanta sonraí ó bhaill foirne ar feadh aonad gnó GSOC. Bhain an chuid is mó de na saincheistean a ardaíodh le nochtadh faisnéise le tríú páirtithe agus le comhairle a lorgaíodh i ndáil le Comhaontaithe Comhroinnte Sonraí.

Is é Aonad Rúnaíochta GSOC a phléann le hiarrataí ar fhaisnéis a fhaightear ón Roinn Dlí agus Cirt agus in uirill ó chomhaltaí an Oireachtais. D'fheagair an t-aonad sé iarraidh déag (16) ón Roinn Dlí agus Cirt, ocht n-aighneacht is daichead (48) mar fhreagairt do cheisteanna parlaiminteacha agus trí (3) uiríoll ó chomhaltaí Thithe an Oireachtais. Bhain na hiarrataí sin le nuashonruithe ar imscrúduithe a bhí ar bun in GSOC agus le faisnéis faoi rannpháirtíocht GSOC sna meáin shóisialta.

Aonad Cumarsáide GSOC a dhéileálann le hiarrataí ar fhaisnéis ó iriseoirí taobh amuigh den phróiseas saorála faisnéise, a chuireann seirbhís ar dualgas 24 uair an chloig sa lá ar fáil. D'fhreagair an tAonad do 215 fhiosrú ó na meáin in 2023.

Tábla J: Iarrataí ar fhaisnéis a próiseáladh in 2023

Ábhar	Líon
Iarrataí faoi Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014	60
Iarrataí faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018	90
Iarrataí ar fhaisnéis ón An Roinn Dlí agus Cirt	16
Aighneachtaí mar fhreagra do Cheisteanna Parlaiminteacha	48
Uirill ó chomhaltaí an Oireachtais	3
Fiosrúcháin ó na Meáin	215

17. GSOC AGUS COSAINT LEANAÍ

Tá dualgas ar GSOC maidir le cosaint leanaí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Chosaint agus Leas Leanaí. Le linn a gcuid oibre ag glacadh gearáin ó dhaoine den phobal, nó imscrúduithe a réachtáil, cuirtear baill foirne ar an eolas go rialta faoi chásanna ina d'fhéadfadh gortú a bheith déanta do leanaí nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó ghortú.

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, is daoine sainordaithe iad baill foirne áirithe GSOC, eadhon Oifigigh Ainmnithe (imscrúdaitheoirí agus baill foirne Cosanta Leanaí).

Mar dhuine sainordaithe, ní mór don Oifigeach Ainmnithe tarchur a dhéanamh le Tusla, más eol, má chreideann nó má bhíonn amhras réasúnach air nó uirthi gur gortaíodh leanbh, go bhfuil leanbh á ghortú nó i mbaol a bheith gortaithe, nó má nochtann leanbh gortú.

Tá an oibleagáid maidir le tarchur i gceist freisin má nochtann leanbh go gcreideann siad go bhfuil siad i mbaol a bheith gortaithe.

Rinne Oifigigh Ainmnithe GSOC **44** tarchur éigeantacha chuig Tusla in 2023.

Ina theannta sin, rinne GSOC **66** tharchur neamh-éigeantacha in 2023. Bhain siad sin le nithe a tháinig chun aire baill foirne GSOC le linn a gcuid oibre, ach ní le linn imscrúdú coiriúil.

Ceanglaítear ar dhaoine neamh-shainordaithe Teagmhálaithe Ainmnithe GSOC a chur ar an eolas faoi shaincheistanna a bhféadfadh baint a bheith acu le cosaint agus/nó leas leanaí agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas oifigiúil trí fholáirimh a ardú ar chóras cásbhainistíochta na heagraíochta. Cuireadh **592** fholáireamh Cosanta Leanaí den sórt sin ar an gcóras cásbhainistíochta in 2023. Déanann Teagmhálaithe Idirchaidrimh Ainmnithe athbhreithniú ar na foláirimh agus déanann siad taifead de chinntí d'fhonn tarchur a dhéanamh chuig Tusla, chomh maith le cinntí gan tarchur a dhéanamh.

Príomh-fhigiúirí

592 FOLÁIRIMH
NUA COSANTA
LEANAÍ

TARCHUIR
ÉIGEANTACHA **44**


TARCHUIR
NEAMH-
ÉIGEANTACHA

66

592
CINNTÍ GAN
TARCHUR A
DHÉANAMH

AGUISÍN 1: IMSCRÚDUI THE GSOC AR LÁIMH AG DEIREADH NA BLIANA 2023

Ag deireadh 2023, bhí 446 imscrúdú faoi stiúir GSOC fós ar bun ag Aonad Imscrúduithe GSOC. Tá sin i gcomparáid le 621 ag deireadh 2022.



I dteannta na n-imscrúduithe sin, bhí 287 n-imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána, a d'éascair as gearáin a rinneadh chuig GSOC, fós ar bun. Bhí athbhreithniú á dhéanamh ar 10 gcás eile den sórt sin ag deireadh na bliana, cé go raibh siad curtha i gcrích, ar iarratas ón ngearánach.

Bhí tuairim is 159 gcás eile ag céimeanna 'breise' den phróiseas cásbhainistíochta. Áiríodh leo sin cásanna a fuarthas le déanaí agus cásanna a raibh ag céim thosaigh den mheasúnú, cásanna a bhí curtha i gcrích agus cásanna a bhí ar feitheamh tuarascálacha críochnaitheacha faoi Alt 97 nó Alt 101 den Acht; agus cásanna a bhfuiltear ag scor díobh.


AGUISÍN 2: PRÓIFÍL NA nGEARÁNACH IN 2023

Ar gearán a chur isteach chuig GSOC, iarrtar ar ghearánaigh suirbhé gan ainm a thabhairt a dhéanamh chun sonraí déimeagrafacha faoi na daoine a lorgaíonn comhairle uainn a chur ar fáil do GSOC.


In 2023, d'fhreagair 378 ngearánach an suirbhé. Is ionann sin agus ráta freagartha tuairim is 24%.

Tugtar breac-chuntas sna cairteacha thíos ar phróifíl na ngearánach a d'fhreagair an suirbhé, i gcatagóirí déimeagrafacha éagsúla.


(i) Inscne




(ii) Aois




(iii) Tír Bhunaidh nó Náisiúntacht




(iv) Eitneacht




(v) Teanga




(vi) Míchumas




(vii) Reiligiún




(viii) Stádas Tithíochta



(ix) Gnóthachtaí Oideachais




(x) Stádas Fostaíochta




AGUISÍN 3: INSCNE AGUS CÉIM NA nGARDAÍ AB ÁBHAR GEARÁN IN 2023

Léirítear sna cairteacha a leanas miondealú ar inscne agus ar aois na nGardaí ab ábhar gearán in 2023, sa chás go raibh an fhaisnéis sin ar eolas. Tugann an dá phíchart cuntas ar 3,358 líomhain ar glacadh leo in 2023.

(i) Inscne na gcomhaltaí den Gharda Síochána I líomhaintí ar glacadh leo in 2023



(ii) Céim na gcomhaltaí a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh in 2023



GLUAIS TÉARMAÍ AGUS GIORRÚCHÁIN

Acrainm	Ciall
An tAcht	Is é Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú, an t-acht príomha lena rialaítear feidhmiú GSOC. Is féidir é a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/20/enacted/en/print
Inghlacthacht	Déantar gach gearán a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in Alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu an féidir nó nach féidir iad a ghlacadh go dlíthiúil lena n-imscrúdú.
Comhairle	Is smachtbhanna é seo, a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm, as sárú ar na Rialacháin Araíonachta – is féidir comhairle fhoirmiúil nó comhairle neamhfhoirmiúil a bheith i gceist leis.
Líomhain	Bristear gach gearán síos ina líomhain amháin nó i níos mó, ar iompraíochtaí aonair iad a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu. Mar shampla, má dúirt duine gur bhrúigh garda é agus gur úsáid sé droch-chaint, is gearán amháin é sin ag a bhfuil dhá líomhain ar leith.
Airteagal 2	Luaitear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo.
Gearán	Léiriú míshástachta a chuireann duine den phobal in iúl do GSOC maidir le hiompar comhalta aonair den Gharda Síochána. D'fhéadfadh líomhain amháin nó níos mó in aghaidh garda amháin nó níos mó a bheith i gceist le gearán. Déantar gach líomhain in aghaidh gach garda a mheasúnú ina haonar ó thaobh inghlacthachta de.
'Prionsabail Veinéise' Chomhairle na hEorpa	Na 'Prionsabail maidir le hInstitiúid an Ombudsman a Chosaint agus a Chur Chun Cinn', a ghlac Coimisiún Veinéise Chomhairle na hEorpa i mí an Mhárta 2019. Coimisiún Chomhairle na hEorpa maidir le Daonlathas tríd an Dlí é Coimisiún na Veinéise, a sholáthraíonn comhairle dlí dá Bhallstáit. Is iad na 25 Phrionsabal Veinéise an chéad shraith neamhspleách de chaighdeán idirnáisiúnta le haghaidh institiúidí Ombudsman.
Rialacháin Choimeádta	Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine Faoi Choimeád Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 – rialacháin a bhaineann le coimeád daoine i stáisiúin Gardaí. Is féidir é a léamh ag http://www.irishstatutebook.ie/eli/1987/si/119/made/en/print
Rialacháin Araíonachta	Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, arna leasú. Is féidir iad a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print
Gníomh Araíonachta	Smachtbhanna a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm tar éis imscrúdaithe. Is ann do dhá leibhéal gnímh dá bhforáiltear leis na Rialacháin Araíonachta. Baineann siad le sárúithe nach bhfuil tromchúiseach agus le sárúithe tromchúiseacha araíonachta faoi seach.

Imeachtaí Araíonachta	Imeachtaí iad seo a fhéadfaidh an Garda Síochána a thionscnamh tar éis imscrúdú araíonachta. Is teorainn dlínse GSOC é a mholadh go ndéanfaí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh. Ábhar do Choimisinéir an Gharda Síochána é aon smachtbhanna a d’eascródh dá bharr.
RCBÁC	Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath
DO	Oifigeach Ainmnithe
DPP	Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
ECHR	Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine
FRTC	Imbhualadh Marfach Tráchtar ar Bhóthar
GSIO	Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána
GSOC	Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
IO	Oifigeach Imscrúduithe
Idirghabháil Áitiúil	Tá d’aidhm leis an bpróiseas idirghabhála áitiúla gearáin áirithe ar leibhéal seirbhíse in aghaidh chomhaltaí den Gharda Síochána a réiteach ar leibhéal áitiúil gan ghá leis an ábhar a chur faoi phróiseas foirmiúil gearán. Déanann cigirí Garda ainmnithe teagmháil leis an ngearánach, faigheann amach na saincheistanna sa ghearán, agus déanann iarracht nithe a réiteach chun sástachta an ghearánaigh.
Airmheánach	Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun.
Comhalta i gceannas	An comhalta den Gharda Síochána atá ainmnithe mar dhuine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán Coimeádta maidir le daoine atá faoi choimeád sa stáisiún Gardaí. Is féidir le comhalta de chéim ar bith a bheith ar an duine sin. Is féidir an sainmhíniú dlíthiúil iomlán agus liosta de dhualgais an chomhalta i gceannas a fheiceáil ina Ailt 4 agus 5 de na Rialachán Coimeádta (féach thuas).
Coimisiún Ombudsman	An triúr Coimisinéirí de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.
As am	Gearán a dhéantar níos mó ná dhá mhí dhéag tar éis an teagmhais a bhfuiltear ag déanamh gearán faoi.
PDA	An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014.
PD/PDU	Nochtaí Cosanta/An tAonad um Nochtadh Cosanta
An tAcht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024	Achtaíodh an tAcht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail i mí Feabhra 2024. Tá téacs an Bhille le fáil ar www.irishstatutebook.ie .
Ceartas aisiríoch	Tarlaíonn ceartas aisiríoch nuair a chomhaontaíonn íospartach coire agus an ciontóir cumarsáid a dhéanamh maidir lenar tharla. Is próiseas deonach é agus ní mór don dá pháirtí comhaontú leis. Tugann an chumarsáid deis don íospartach an tionchar a bhí ag an gcoir orthu a chur in iúl don chiontóir agus tugtar deis don chiontóir an éagóir a rinne siad a admháil agus freagracht a ghlacadh as a ngníomhartha. Ullmhaíonn duine neamhspleách tuarascáil ar thoradh na cumarsáide. Cuirtear an tuarascáil sin faoi bhráid na Cúirte.
Triail Achomair	Triail achomair atá ann nuair is féidir cás a éisteacht sa Chúirt Dúiche nó na Chúirt Chuarda, ach nuair a ordaíonn an DPP gur cheart an t-ábhar a éisteacht sa Chúirt Dúiche. Éisteanann an Breitheamh le hachóimre ar na fíorais agus má chomhaontaíonn an Breitheamh leis an DPP, fanfaidh an t-ábhar sa Chúirt Dúiche.



Garda
Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 FT73
Garda Síochána Ombudsman Commission, 150 Upper Abbey St, Dublin 1, D01 FT73
Tel: (01) 871 6727 Lo-Call: 0818 600 800 Fax: (01) 814 7023 Email: info@gsoc.ie Web: www.gardaombudsman.ie